BILEOG CHABHRACH / TÉARMAÍ & COINNÍOLLACHA

DO

2008

SCÉIM AONÍOCAÍOCHTA an AE (SPS)

AGUS DO

SCÉIM NA LIMISTÉAR FAOI MHÍBHUNTÁISTE AGUS SCÉIMEANNA EILE DE CHUID an AE BUNAITHE AR LIMISTÉIR 2008

Clár

Leathanach

Rannán		
1.	**Dáta deiridh le haghaidh iarratas**	**3**
2.	**Pionóis as iarratais dhéanacha**	**4**
3.	**Buntáistí a bhaineann le hiarratas ar líne**	**4**
4.	**Iarrthóirí Nua**	7
5.	**Cosaint Sonraí agus Saoráil Faisnéise**	**8**
6.	**Scéimeanna a n-iarrtar iarratas SPS lena n-aghaidh**	**8**
7.	**Talamh atá incháilithe le haghaidh íocaíochta SPS**	**9**
8.	**Riail an dáta aonair maidir le talamh ar fáil**	**10**
9.	**Rialuithe agus Cigireacht**	**11**
10.	**Traschomhlíonadh**	**12**
11.	**Pionóis as ró-dhearbhú achair faoin SPS**	**13**
12.	**Pionóis as dearbhú easnamhach dáileachtaí talún faoin SPS**	**14**
13.	**Coiste Achomharc SPS**	**14**
14.	**An Oifig um Achomhairc Talmhaíochta**	**14**
15.	**Uasmhéadaigh d'íocaíochtaí teidlíochtaí i 2008**	**15**
16.	**Íocaíocht ar theidlíochtaí maidir le Talamh Curtha i Leataobh i 2008**	**15**
17.	**Íocaíocht ar theidlíochtaí Cúltaisce Náisiúnta i 2008**	**17**
18.	**Íocaíocht ar theidlíochtaí Biatas Siúcra i 2008**	**17**
19.	**Aistriú Teidlíochtaí**	**18**
20.	**Aistriú gabháltas iomlán**	**18**
21.	**Comhdhlúthú teidlíochtaí**	**19**
22.	**Scéim na Limistéar Faoi Mhíbhuntáiste**	**21**
23.	**An Scéim um Barra Fuinnimh**	**25**
24.	**An Scéim um Fheidhm Neamhbhia a Bhaint as Talamh Curtha i Leataobh**	**27**
25.	**Pionóis faoin Scéim um Barra Fuinnimh agus faoin Scéim um Fheidhm Neamhbhia a Bhaint as Talamh Curtha i Leataobh**	**28**
26.	**Táirgeadh cnáibe**	**28**
27.	**REPS agus bearta Foraoiseachta**	**29**
28.	**Maolú Níotráití**	**30**
29.	**Rialacháin um Shláinteachas Bia Ainmhithe**	**31**
30.	**Reachtaíocht de chuid an AE a bhaineann le d'Iarratas faoin SPS**	**33**
31.	**Sainmhínithe a bhaineann le d'Iarratas faoin SPS**	**34**
32.	**Íocaíochtaí**	**36**

Le haghaidh mionchúnaimh chun d'fhoirm iarratais 2008 a chomhlíonadh, féach an doiciméad ar leithligh dar teideal "Treoirlínte le haghaidh foirm iarratais Scéim Aoníocaíochta 2008 a chomhlánú".

1
DÁTA DEIRIDH LE hAGHAIDH IARRATAS – 15 BEALTAINE 2008

Ní mór d'iarrthóirí cinntiú go bhfaightear a bhfoirmeacha iarratais um an Scéim Aoníocaíochta/um Scéim na Limistéar Faoi Mhíbhuntáiste (SPS) 2008 agus iad líonta isteach acu in AONAD NA hAONÍOCAÍOCHTA, AN ROINN TALMHAÍOCHTA, IASCAIGH AGUS BIA, SEAN-BHÓTHAR MHAINISTIR LAOISE, PORT LAOISE, CO. LAOISE, nó in aon oifig áitiúil de chuid na Roinne, nó go gcuirtear isteach ar líne go dtí an Roinn iad, nach déanaí ná meán oíche ar an **Déardaoin, 15 BEALTAINE 2008.**

Iarratais phoist
Líon isteach agus cuir ar ais an fhoirm réamhphriontáilte a fuair tú. Tá d'fhoirm iarratas réamhphriontáilte maidir le SPS 2008 barrachódaithe agus réamhphriontáilte le sonraí fút féin agus mar sin ní féidir le haon duine ach tú féin nó do chomharbaí leas a bhaint aisti. Má tharlaíonn nach bhfaigheann an Roinn d'iarratas líonta isteach maidir le SPS 2008, a chuir tú isteach tríd an bpost, beidh ort admháil Swiftpost a thaispeáint mar chruthúnas postála. Coinnigh d'admháil Swiftpost go sábháilte**.**

Iarratais ar líne
Bíonn feirmeoirí a chláraíonn ar líne leis an Roinn d'fheidhmiúlacht an chórais SPS atá cumasaithe don ghréasán in ann a n-iarratais maidir leis an SPS a chur isteach ar líne. Ní gá ach cnaipe amháin a bhrú chun na sonraí riachtanacha uile a rochtain. Is seirbhís saor in aisce í seo d'iarrthóirí. Mura bhfuil tú cláraithe cheana féin, is féidir leat é seo a dhéanamh anois trí shuíomh idirlín na Roinne ag **www.agriculture.gov.ie**

Chun breis eolais a fháil faoi conas clárú le haghaidh na seirbhíse seo, ba cheart duit dul i dteagmháil le:
Ríomhsheirbhísí in Oifig na Roinne i bPort Laoise, **Íosghlao 1890 252 118.**

2
PIONÓIS AS IARRATAIS DHÉANACHA

Is é an dáta deiridh chun foirmeacha iarratais um Scéim na hAoníocaíochta le haghaidh 2008 a chur isteach **ná meán oíche ar an Déardaoin an 15 BEALTAINE 2008.**

Beidh tréimhse 25 lá tar éis 15 Bealtaine chun glacadh le hiarratais dhéanacha agus aon cháipéisí tacaithe is gá. Ach beidh pionós de chailliúint 1% d'íocaíochtaí in aghaidh gach lae oibre go dtí go bhfaightear an t-iarratas déanach i gceist le linn na tréimhse seo – féach an tábla thíos**.Ach amháin i gcásanna force majeure, ní ghlacfar le hiarratais tar éis na tréimhse 25 lá seo. Tá na pionóis dhéanacha chéanna i gceist maidir le Scéim na Limistéar faoi Mhíbhuntáiste, an Scéim REPS, an Scéim de chuid an AE um Barra Fuinnimh agus an Scéim um Préimheanna Barra Próitéine de chuid an AE. Ní mór foirm iarratais bhailí a chur isteach le haghaidh SPS 2008 chun a bheith in ann íocaíocht a fháil faoi na Scéimeanna seo i 2008.**

Lá	Dáta	Mí	Laghdú mar % i gceist in aghaidh an lae oibre	Líon laethanta
Dé hAoine	16	Bealtaine	1%	1
Dé Sathairn	**17**	**Bealtaine**	**1%**	**2**
Dé Domhnaigh	**18**	**Bealtaine**	**1%**	**3**
Dé Luain	19	Bealtaine	2%	4
Dé Máirt	20	Bealtaine	3%	5
Dé Céadaoin	21	Bealtaine	4%	6
Déardaoin	22	Bealtaine	5%	7
Dé hAoine	23	Bealtaine	6%	8
Dé Sathairn	**24**	**Bealtaine**	**6%**	**9**
Dé Domhnaigh	**25**	**Bealtaine**	**6%**	**10**
Dé Luain	26	Bealtaine	7%	11
Dé Máirt	27	Bealtaine	8%	12
Dé Céadaoin	28	Bealtaine	9%	13
Déardaoin	29	Bealtaine	10%	14
Dé hAoine	30	Bealtaine	11%	15
Dé Sathairn	**31**	**Bealtaine**	**11%**	**16**
Dé Domhnaigh	**1**	**Meitheamh**	**11%**	**17**
Dé Luain (Lá Saoire B.)	**2**	**Meitheamh**	**11%**	**18**
Dé Máirt	3	Meitheamh	12%	19
Dé Céadaoin	4	Meitheamh	13%	20
Déardaoin	5	Meitheamh	14%	21
Dé hAoine	6	Meitheamh	15%	22
Dé Sathairn	**7**	**Meitheamh**	**15%**	**23**
Dé Domhnaigh	**8**	**Meitheamh**	**15%**	**24**
Dé Luain	9	Meitheamh	16%	25
	10	Meitheamh	100%	26

3

BUNTÁISTÍ A BHAINEANN LE hIARRATAS AR LÍNE

I ndiaidh threoirthionscadal na Roinne i 2007, tá seirbhís feabhsaithe ar líne ar fáil d'iarrthóirí SPS uile i 2008. Eiseofar foirm iarratais réamhphriontáilte le haghaidh SPS 2008 do gach feirmeoir faoi mar is gnách. Beidh de bhuntáiste breise ag úsáideoirí atá cláraithe ar líne na sonraí réamhphriontáilte seo a bheith ar fáil dóibh, lena n-áirítear léarscáileanna, sonraí faoi theidlíochtaí agus mar sin de, nuair a logálann siad isteach ar shuíomh idirlín na Roinne. Glacfar le hiarratas faoi SPS 2008 a líontar isteach agus a chuirtear isteach ar líne don Roinn ag feirmeoir nó ag gníomhaire údaraithe mar iarratas bailí SPS do 2008, a fhad agus a chomhlíontar na coinníollacha ar fad eile faoin SPS. Ní gá

iarratas páipéir a chur isteach sna cúinsí seo. Baineann an dáta deiridh céanna, an 15 Bealtaine 2008, le hiarratais ar líne**.**

Iarratas SPS ar líne a líonadh isteach

Agus forbairt bhreise á déanamh ar an gcóras iarratais ar líne do 2008, cuireadh san áireamh an t-aiseolas a fuarthas ó fheirmeoirí agus gníomhairí a ghlac páirt sa treoirthionscadal i 2007. Tá se ar aon dul, oiread agus is féidir, leis an iarratas priontáilte. Tá gné CABHAIR le fáil mar chúnamh míniúcháin chun sonraí tábhachtacha a líonadh isteach i gceart. Is féidir amharc ar shleachta as an mBileog Chabhrach seo le haghaidh treorach ag pointe ionchuir sonraí cosúil le Glanachar, Achar Tagartha agus mar sin de. Leagadh amach an t-iarratas ar líne i slí a dhéanann iarracht cosc a chur ar na gnáthearraidí a tharlaíonn gach uile bhliain ar iarratais pháipéir. Áirítear le gnáthearráidí sonraí faoi dháileachtaí talún a fhágáil ar lár agus ró-dhearbhú achair. D'fhonn earráidí a choinneáil ag an leibhéal is ísle, ní mór don iarrthóir réimsí éigeantacha áirithe a líonadh isteach ar líne – mar shampla, na sonraí uile a bhaineann le dáileachtaí, lena n-áirítear glanachar, úsáid dáileachtaí i 2008 agus mar sin de. Cuirfidh sé seo deireadh le moilleanna próiseála a bhaineann le foirmeacha neamhiomlána. Tá córas rabhaidh ag an iarratas ar líne freisin a thugann rabhadh don iarrthóir go bhfuil seans ann go bhfuil éileamh rómhór curtha isteach aige/aici ar dháileacht talún, rud a chabhróidh leis/léi pionós a d'fhéadfadh a bheith ann a sheachaint.

D'fhéadfaí dáileachtaí talún a fhaigheann an t-iarrthoir i 2008 a chur leis an iarratas ar ndóigh, chomh maith le sonraí faoi cheapacha nua. Nuair a chuirtear ceapach nua isteach, ní mór léarscáil a thaispeánann teorainneacha na ceapaí sin a chur isteach don Roinn faoi chlúdach ar leith. Bíonn sé seo i gceist freisin nuair a bhíonn gá le haon cháipéisí tacaithe eile, mar shampla, fianaise faoi chearta Coimíneachta. Tá litir chumhdaigh inphriontáilte ar fáil ar líne gur féidir leat í a úsáid chun doiciméid a chur isteach. Féadtar iarratas a chur isteach ar shonraí dáileachtaí, mar shampla, uimhreacha Dáileachtaí, achair Thagartha agus mar sin de, trí ghlaoch a chur ar uimhir íosghlao an chontae sin

Cosúil leis an iarratas SPS traidisiúnta, féadtar an t-iarratas ar líne a líonadh isteach de réir a chéile. Féadtar iarratais ar líne atá líonta isteach i bpáirt a shábháil ag aon am agus teacht ar ais chucu arís ar chaoithiúlacht an iarrthóra. Féadtar athbhreithniú a dhéanamh ar na sonraí atá curtha isteach ag aon am sula gcuirtear an t-iarratas isteach. Ní fhéadtar glacadh le hiarratas nach bhfuil líonta isteach go hiomlán mar iarratas a cuireadh isteach. Caithfidh an t-iarratas a bheith líonta isteach go hiomlán agus curtha isteach ar líne faoin dáta deiridh.

Cáipéisí le fáil ar líne

Is féidir cáipéisí cuimsitheacha a rochtain ar líne. Áirítear leis seo scáileán achomair ar shuíomh reatha an iarrthóra maidir le teidlíochtaí; stair faoi imeachtaí teidlíochtaí ó 2005, 2006 agus/nó 2007, mar shampla, aistrithe talún; aon chomhfhreagracht idir an t-iarrthoir agus an Roinn ó tugadh an SPS isteach; agus cóipeanna d'iarratais SPS a cuireadh isteach cheana. Tá sonraí ar fáil freisin maidir le hiarratais faoi Chúnamh Limistéir ó 2002 go 2004.

Leasú ar líne ar iarratas faoi SPS 2008

Nuair nach mbíonn iarrthóir cinnte faoi na sonraí talún uile faoin dáta deiridh le haghaidh iarratas, ba cheart an fhoirm a líonadh isteach oiread agus is féidir agus í a chur isteach in am trátha. D'fhéadfaí foirm leasaithe a chur isteach ar líne go dtí 31 Bealtaine 2008, an dáta deiridh le haghaidh leasuithe. Ní féidir foirm Leasaithe a chur isteach ar líne ach amháin nuair a cuireadh iarratas isteach ar líne cheana féin faoin SPS 2008.

Is féidir leasuithe áirithe a dhéanamh i ndiaidh 31 Bealtaine 2008, an dáta deiridh le haghaidh Leasuithe. Is féidir leat talamh a tharraingt siar ó d'iarratas aon tráth i ndiaidh 31 Bealtaine 2008, ar an gcoinníoll nach bhfuil fógra faighte agat ón Roinn maidir le haon neamhrialtachtaí a bhaineann le d'iarratas faoi Scéim na hAoníocaíochta. Má bhíonn fógra faighte agat faoi chigireacht ar an bhfeirm agus má thaispeánann an chigireacht sin go bhfuil

neamhrialtacht ann, ní féidir glacadh le leasú don chuid seo den iarratas ina bhfuil neamhrialtacht ann.
Ní féidir dáileachtaí/ceapacha a chur leis an iarratas nó glanachair a leasú ag an bpointe seo.
Forbraíodh an t-iarratas ar líne d'fhonn, oiread agus is féidir, na hearráidí soiléire/neamhurchóideacha a tharlaíonn ar iarratais scríofa a sheachaint. Is é a bheadh i gceist le hearráid shoiléir/neamhurchóideach ná mionearráid chléireachais a dhéanann tú, a bhainfeadh le sonraí easnamhacha ar d'iarratas de ghnáth. Cuirfidh na rabhaidh agus na bailíochtuithe ar líne in iúl duit go bhfuil saincheisteanna dá leithéid i gceist. Tá earráidí soiléire/neamhurchóideacha eile ann áfach – d'fhéadfadh a bheith ag teastáil uait dearbhú úsáide bairr a athrú. Glacfar le leasuithe dá leithéid i ndiaidh 31 Bealtaine 2008.

Cailliúint teidlíochtaí faoi riail na 3 bliana

Tá bunriail 3-bliana ann "Bain úsáid astu nó caill iad" faoi Scéim na hAoníocaíochta. Cé gur tháinig deireadh le céad timthriall 3 bliana Scéim na hAoníocaíochta i 2007 (2005, 2006, 2007), beidh deireadh ag teacht le dara timthriall 3 bliana Scéim na hAoníocaíochta – 2006, 2007, 2008, i 2008 agus dá bhrí sin is bliain rí-thábhachtach d'fheirmeoirí áirithe í 2008.
D'fhéadfadh aon fheirmeoirí nach bhfuil go leor heicteár incháilithe dearbhaithe acu nuair a chuirtear 2006 agus 2007 le chéile, agus nach sroicheann líon iomlán a dteidlíochtaí nuair a chuirtear na heicteáir ó 2008 leis an méid seo, roinnt dár dteidlíochtaí nó a dteidlíochtaí uile a chailliúint. Caillfear teidlíochtaí nuair atá líon iomlán na heicteár a dearbhaíodh le linn na 3 bliana (2006, 2007 agus 2008) níos lú ná líon na dteidlíochtaí atá ag an fheirmeoir**.**

Mar shampla

Tá 40 Teidlíocht caighdeánach ag feirmeoir. Dhearbhaigh sé 10 heicteár i 2006 agus 10 heicteár i 2007. Má dhearbhaíonn an feirmeoir seo 10 heicteár arís eile i 2008, caillfidh sé 10 dteidlíocht toisc nár úsáid sé ach 30 heicteár le linn na tréimhse 3 bliana 2006 go 2008. Chun cailliúint a sheachaint, ba cheart dó 20 heicteár a dhearbhú i 2008**.**

Ord Íocaíochta Teidlíochtaí

I roinnt bheag cásanna, bíonn teidlíochtaí de luachanna difriúla ag iarrthóirí SPS. Féadtar a bheith i gceist sna cúinsí seo, cibé rud is cúis leis, nach bhfuil go leor heicteár ar fáil chun íocaíocht a chinntiú i leith na dteidlíochtaí sin go léir i 2008. De ghnáth, déanfar íocaíocht ar theidlíochtaí san ord a leagtar amach ar an bhfoirm iarratais SPS réamhphriontáilte, is é sin ná:
Ar an gcéad dul síos: Tugtar tús áite do theidlíochtaí maidir le talamh curtha i leataobh, más infheidhme, ar na teidlíochtaí Aoníocaíochta eile go léir**.**
***Sa dara háit*:** Teidlíochtaí a thagann ina n-iomláine ón gCúltaisce Náisiúnta.
Ina dhiaidh sin, teidlíochtaí Caighdeánacha, Caighdeánacha Aistrithe nó teidlíochtaí a barrlíonadh ón gCúltaisce Náisiúnta ag tosú leis na teidlíochtaí is airde luach.
Má theastaíonn uait ord íocaíochta nua a roghnú toisc nach mbeidh an "t-aon heicteár talún incháilithe amháin le haghaidh gach teidlíochta" comhlíonta agat faoi 2008, is féidir leat ord íocaíochta eile a chur isteach ar líne ar an bhfoirm um Ord Íocaíochta na dTeidlíochtaí.

Uimhir Tréada Éagtha

Nuair a bhíonn Uimhir Tréada iarrthóra imithe in éag ag dáta an iarratais, ní fhéadfaí iarratas a dhéanamh ar líne. Cuirfear an t-iarrthoir ar an eolas faoi seo ar Leathanach Baile an SPS.
Sna cúinsí seo, ba cheart iarratas scríofa SPS 2008 a chur isteach. Ba cheart iarratas a dhéanamh láithreach bonn d'Oifig Tréidliachta áitiúil na Roinne chun an tsaincheist faoin uimhir Thréada a réiteach chun go ndéanfar íocaíocht thráthúil faoin SPS.

LÍNE CHABHRACH

Tá an líne chabhrach Íosghlao seo a leanas ar fáil chun déileáil le fiosrúcháin a bhaineann le clárú ar líne **– 1890 252 118.**

4
IARRTHÓIRÍ NUA

Foirmeacha folmha

Tá foirmeacha iarratais folmha SPS 2008 le fáil d'iarrthóirí ó Aonad na hAoníocaíochta, Oifigí Áitiúla na Roinne Talmhaíochta, Iascaigh agus Bia, TEAGASC agus ar shuíomh idirlín na Roinne ag **www.agriculture.gov.ie**

Uimhir Thréada

Ba cheart d'iarrthóirí nua a dhéanann iarratas faoi Scéim na hAoníocaíochta agus iarrthóirí nua faoi na scéimeanna eile ar cuid d'fhoirm iarratais SPS 2008 iad a chinntiú go bhfuil Uimhir Thréada bhailí acu nó, mura bhfuil, uimhir thréada a iarraidh mar chúis phráinneach. Ba cheart iarratas a chur go hOifig Tréidliachta áitiúil na Roinne chun Uimhir Thréada a fháil. Ba cheart sonraí faoin Uimhir Thréada nua a chur isteach go hAonad na hAoníocaíochta chomh luath agus a bheidh sí le fáil.

Trádáil teidlíochtaí

Foilsíodh foirm iarratais shonrach maidir le hAistriú Teidlíochtaí, lena n-áirítear aistriú oidhreachta, chomh maith le mionrialacha, agus tá sí le fáil ó Aonad na hAoníocaíochta, An Roinn Talmhaíochta, Iascaigh agus Bia, Foirgnimh an Rialtais, Port Laoise, Co. Laoise nó ó oifigí áitiúla na Roinne, nó ar shuíomh idirlín na Roinne ag **http://www.agriculture.gov.ie** nó ó TEAGASC. Tá na foirmeacha seo le fáil chomh maith ón Rannóg um Aistriú Teidlíochta, Aonad na hAoníocaíochta, An Roinn Talmhaíochta, Iascaigh agus Bia, Foirgnimh Eircom, Cnoc Meá, Port Laoise, Co. Laoise ag **Íosghlao 1890-200-560.**

Cigireacht

D'fhéadfadh iarrthóirí nua a bheith faoi réir cigireachta ag an Roinn chun a chinntiú, i measc nithe eile, go bhfuil gnó feirmeoireachta á oibriú acu atá ar leith agus neamhspleách ó cheann de chuid aon iarrthóra eile faoin SPS agus nár bunaíodh an gnó chun coinníollacha a chruthú go saorga d'fhonn buntáiste a bhaint as aon scéimeanna a bhaineann le hábhar.

Léarscáileanna

Caithfidh iarrthóirí nua léarscáil(eanna) a chur isteach lena n-iarratas scéime aoníocaíochta 2008, a thaispeánann teorainneacha gach dáileachta/ceapaí talún go soiléir. Nuair nach mbíonn fáil ar an Uimhir shainiúil faoin gCóras Aitheanta Dáileachtaí Talún (Uimh. LPIS), cuir isteach sonraí faoin dáileacht ar fhoirm iarratais SPS 2008, ag cur Ceapach 1, Ceapach 2 agus mar sin de orthu. Sainaithin aon cheapach nua trína imlíniú go cúramach ar léarscáil de chuid na Suirbhéireachta Ordanáis nó ar léarscáil de chuid Chlárlann na Talún nó ar léarscáil a bhaineann leis an gCóras Aitheanta Dáileachtaí Talún, ag cur na n-uimhreacha Ceapach 1, Ceapach 2 agus mar sin de ar an léarscáil chomh maith. Cuir d'ainm, do sheoladh agus d'uimhir thréada, nuair a bhíonn ceann agat, ar na léarscáileanna. Ní mór na léarscáileanna a mharcáil chomh maith le huimhir bileoige na Suirbhéireachta Ordanáis agus an baile fearainn ina bhfuil an dáileacht suite má bhíonn an léarscáil mar pháirt de léarscáil de chuid Chlárlann na Talún nó na Suirbhéireachta Ordanáis.

Cáipéisí tacaithe

Ní mór d'iarrthóirí nua cruthúnas a chur ar fáil, má iarrtar a leithéid orthu, go bhfuil gnó ar leith á oibriú acu, is é sin le rá: fianaise i gcáipéis faoi theidlíocht an talamh a dhearbhaítear a shaothrú; admhálacha in ainm an iarrthóra maidir le ceannaigh, díolachán nó seirbhísí talmhaíochta a bhaineann leis an ngnó; cuntais fheirme/tuairisceán cánach in ainm an iarrthóra féin; aon fhianaise eile a iarrtar.

5
COSAINT SONRAÍ AGUS SAORÁIL FAISNÉISE

De réir fhorálacha Rialachán 1290/2005 ón gComhairle, ní mór don Roinn Talmhaíochta, Iascaigh agus Bia a fhoilsiú ar shuíomh idirlín sonraí faoi ainmneacha agus seoltaí na ndaoine a fuair cistí ón gCiste Eorpach um Ráthaíocht Talmhaíochta (EAGF) agus ón gCiste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe (EAFRD). Tá cearta daoine a mbíonn sonraí á gcoimeád fúthu, agus an tslí inar féidir iad a chur i gcrích, maidir leis seo, leagtha síos sna hAchtanna um Chosaint Sonraí, 1988 agus 2003. Ní mór é seo a fhoilsiú de réir dhlí an AE. Is féidir le comhlachtaí iniúchóireachta agus fiosrúcháin na gComhphobal agus na mBallstát na sonraí atá ann a phróiseáil d'fhonn leasanna airgeadais na gComhphobal a chosaint. Ní féidir na sonraí atá ann a úsáid le haghaidh margaíocht dhíreach nó cúiseanna eile agus léireofar é seo go soiléir ar an suíomh idirlín. Ba cheart go bhfuil a fhios agat freisin gur féidir an t-eolas ar fad a sholáthair tú ar d'fhoirm iarratais agus in aon cháipéisí tacaithe a bheith curtha ar fáil d'aon Roinn nó Áisíneacht nó Údarás Áitiúil chun críocha Iniúchtaí, Rialuithe Traschomhlíonta agus na mbearta uile a bhaineann le Forbairt Tuaithe, agus, mar is iomchuí, de réir na gceanglas faoin Acht um Shaoráil Faisnéise.

6
SCÉIMEANNA A N-IARRTAR IARRTAS SPS LENA N-AGHAIDH

De ghnáth, baineann Scéim na hAoníocaíochta le feirmeoirí a bhí ag feirmeoireacht go gníomhach ar feadh na trí bliana tagartha uile, 2000, 2001, agus 2002, nó ar feadh roinnt ama le linn na mblianta seo, a fuair Préimheanna Beostoic agus/nó íocaíochtaí Cúnaimh Arúil i gceann amháin nó níos mó de na blianta sin, agus a bhunaigh teidlíochtaí maidir le Scéim na hAoníocaíochta mar thoradh ar seo. Ní mór dóibh féin, nó dá gcomharbaí, leanúint ar aghaidh ag feirmeoireacht i 2008. Is féidir le feirmeoirí eile, lena n-áirítear daoine a thosaigh ag feirmeoireacht ón tréimhse tagartha ar aghaidh, páirt a ghlacadh i Scéim na hAoníocaíochta chomh maith, nuair a fhaigheann siad a dteidlíochtaí trí aistriú talún.
Áirítear sa Scéim freisin an íocaíocht a fuair feirmeoirí déiríochta a bhain tairbhe as an bPréimh Déiríochta díchúpláilte i 2005 agus an cúiteamh a fuair saothróirí Biatas Siúcra le linn na tréimhse tagartha 2001, 2002 agus 2004.
Ní áirítear san Aoníocaíocht íocaíochtaí faoi Scéim na Limistéar Faoi Mhíbhuntáiste, faoin Scéim um Chaomhnú an Chomhshaoil Faoin Tuath (REPS), faoin Scéim um Préimheanna Foraoiseachta agus Scéimeanna tacaíochta feirme cosúil le Cúnamh Suiteála Infheistíochta Ar-Feirme.

Ní mór d'fheirmeoirí a bhfuil iarratas curtha isteach acu, nó a bhfuil fúthu iarratas a chur isteach i 2008 maidir le haon cheann de na scéimeanna seo a leanas, iarratas a chur isteach faoi Scéim na hAoníocaíochta:

SCÉIM NA hAONÍOCAÍOCHTA;
SCÉIM NA LIMISTÉAR FAOI MHÍBHUNTÁISTE;
AN SCÉIM UM BARRA FUINNIMH;
AN SCÉIM UM BUNÚ BITHFHUINNIMH;
AN SCÉIM NÁISIÚNTA UM PRÉIMHEANNA FUINNIMH;
AN SCÉIM UM PRÉIMHEANNA PRÓITÉINÉ;
AN SCÉIM UM CHAOMHNÚ AN CHOMHSHAOIL FAOIN TUATH (REPS);

AN SCÉIM UM FHEIRMEOIREACHT ORGÁNACH;
AN SCÉIM UM CHÚNAMH INFHEISTÍOCHTA DO BHAINISTÍOCHT DRAMHÁIL FEIRME;
AN SCÉIM UM CHÚNAMH INFHEISTÍOCHTA D'FHEABHSÚ CAIGHDEÁN MAIDIR LE SLÁINTEACHAS DÉIRÍOCHTA;
AN SCÉIM UM CHÚNAMH INFHEISTÍOCHTA I bhFIONTAIR MHALARTACHA;
AN SCÉIM UM CHÚNAMH SUITEÁLA;
AN SCÉIM UM FHARAE TRIOMAITHE;
SCÉIMEANNA NA bPRÉIMHEANNA AFORAOISEACHTA AGUS DEONTAIS;
AN SCÉIM UM LEAS, CUNTAS AGUS SÍOLRÚ AINMHITHE DO THRÉADA DIÚLA;
AN SCÉIM UM LUATHSCOR.

7

TALAMH ATÁ INCHÁILITHE LE hAGHAIDH ÍOCAÍOCHTA SPS

IS IONANN AON HEICTEÁR AMHÁIN DE THALAMH A DHEARBHAÍTEAR AGUS AON TEIDLÍOCHT SPS AMHÁIN

Talamh incháilithe faoin SPS

Chun íocaíocht a tharraingt anuas maidir le do theidlíochtaí SPS, ní mór "heicteár incháilithe" a bheith agat le cur le gach teidlíocht. Áirítear le "heicteár incháilithe" sa chomhthéacs seo talamh a úsáidtear le haghaidh gníomhaíocht talmhaíochta lena n-áirítear talamh a úsáidtear chun na plandaí seo a leanas a shaothrú: arbhair, síolta ola, roschoill le huainíocht ghearr, miscanthus sinensis, barra próitéine, biatas siúcra, grán buí, biatas farae, tornapaí, meaingil, cál, féar le haghaidh sadhlais nó féir thirim nó féarach, agus talamh thalmhaíochta atá curtha i leataobh.

Cé nár gá talamh a chur i leataobh i 2008 ní mór duit, d'fhonn a bheith in ann d'íocaíocht iomlán a fháil ar do theidlíochtaí atá curtha i leataobh, go leor heicteár talún a dhearbhú gur féidir iad a chur i leataobh. Ní gá úsáid na ndáileachtaí sin a chur i leataobh. Féach an liosta de na Catagóirí Barr agus na hÚsáidí Dáileachtaí sna "Treoirlínte le haghaidh foirm iarratais SPS 2008 a chomhlánú" atá iniata. Tá "Y" réamhphriontáilte i gColún 4 ar chúl-leathanach d'fhoirm iarratais le haghaidh dáileachtaí gur féidir íocaíochtaí do thalamh curtha i leataobh a fháil dóibh.

Talamh incháilithe faoin SPS don chéad uair i 2008

Ón mbliain SPS 2008 ar aghaidh, d'fhéadfaí íocaíochtaí SPS a fháil freisin don talamh a úsáidtear chun na críocha seo a leanas – Torthaí agus glasraí, Prátaí, saincheantair Bhruachánacha, Úlloird agus gnéithe tírdhreacha REPS**.**

Cothabháil talún

Ní mór an talamh a choimeád i ndea-riocht talmhaíochta agus comhshaoil. I gcás gach heicteáir a dhearbhaítear, ní áirítear mar achair incháilithe aon achair doshroichte nó aon achair faoi fhoirgnimh; clóis fheirme; coillte; aibhneacha; sruthanna; locháin; cosáin; bóithre feirme; carraig lom, dlúthscrobarnach agus talamh portaigh nach bhfuil oiriúnach le haghaidh féaraigh. Ní gá laghdú a dhéanamh le haghaidh fálta, cinnfhearann, fálta sceach nó draenacha. Ní mór achair fhoráiste a shainmhíniú le buanteorainn, ach amháin i gcás talún Coimíneachta. Ní mór do theorainneacha foráiste seachtracha a bheith stocdhíonach agus a bheith iomchuí don fhiontar feirmeoireachta**.**

Talamh nach bhfuil incháilithe faoin SPS

Tá beagnach an talamh thalmhaíochta uile incháilithe anois d'íocaíochtaí SPS ach amháin talamh atá go buan faoi bharra, faoi fhoraoiseacht, nó aon talamh as a mbaintear feidhm chun

críocha neamhthalmhaíochta (galfchúrsaí agus mar sin de). Is iad na Barra Buana a ndéantar tagairt dóibh ná barra neamhuainíochta (seachas féarach buan) a bhíonn ar an talamh ar feadh cúig bliana nó níos mó agus a chuireann fómhar ar fáil arís agus arís eile.

8
RIAIL AN DÁTA AONAIR MAIDIR LE TALAMH AR FÁIL

Chun an íocaíocht dhíreach a éileamh faoi Scéim na hAoníocaíochta 2008, caithfear na heicteáir uile de thalamh a éilíonn tú mar thacú le d'éileamh (leat féin, ar cíos agus léasaithe) a bheith le fáil duit ar feadh tréimhse áirithe ina chuirtear san áireamh **31 Bealtaine 2008.**

Ba cheart go mbeadh a fhios ag feirmeoirí, sa chomhthéacs seo, a chuireann iarratas isteach ar íocaíocht dhíreach faoi Scéim na hAoníocaíochta, faoin Scéim um Préimheanna Próitéine, faoin Scéim um Barra Fuinnimh agus Faoin Scéim um Fharae Triomaithe go bhfuil sainmhínithe dlíthiúla áirithe le comhlíonadh faoi Rialachán na Comhairle (CE) Uimh. 1782/2003 mar seo a leanas:

Is éard a bheidh mar bhrí le **"Íocaíocht dhíreach"** ná aon íocaíocht a bhronntar go díreach ar fheirmeoirí faoi Scéim na hAoníocaíochta, an Scéim um Préimheanna Próitéine, an Scéim um Barra Fuinnimh agus an Scéim um Fharae Triomaithe**.**
Is éard a bheidh mar bhrí le **"Feirmeoir"** ná duine nádúrtha nó dlíthiúil, nó grúpa daoine nádúrtha nó dlíthiúil, cibé an stádas dlíthiúil a thugtar don ghrúpa agus dá bhaill faoin dlí náisiúnta, a bhfuil a gabháltas suite i gcríoch an Chomhphobail, dá dtagraítear in Airteagal 299 den Chonradh, agus a fheidhmíonn gníomhaíocht talmhaíochta**.**
Is éard a bheidh mar bhrí le **"Gníomhaíocht talmhaíochta"** ná táirge, oiliúint nó saothrú táirgí talmhaíochta lena n-áirítear baint fómhair, bleán, tógáil ainmhithe agus coinneáil ainmhithe chun críocha talmhaíochta, nó ag cothú na talún i ndea-riocht talmhaíochta agus comhshaoil mar atá bunaithe faoi Airteagal 5 de Rialachán (CE) Uimh 1782/2003.

Ní féidir na híocaíochtaí a dhéantar faoi na Scéimeanna a leagtar amach sa chéad mhír den Rannán seo a dhéanamh ach amháin nuair a bhíonn an Roinn sásta gur feirmeoir é an t-iarrthoir a ghlacann páirt i ngníomhaíocht talmhaíochta le linn na bliana 2008 de Scéim na hAoníocaíochta. Ní gá riail na 10 mí maidir le talamh ar fáil a chomhlíonadh a thuilleadh, ach ní mór d'fheirmeoirí an riachtanas maidir le **"Gníomhaíocht talmhaíochta"** a chomhlíonadh i gcónaí mar a shainmhínítear thuas agus ba cheart go ndéanfadh a n-oibríochtaí feirmeoireachta an dea-chleachtas feirmeoireachta is coitianta a chomhlíonadh i gcónaí, ach go háirithe i gcomhthéacs aistrithe talún (socruithe ligin**).**

Ba cheart go mbeadh a fhios agat freisin go gcuirfear an milleán ort, agus tusa an duine ag dearbhú na talún ar d'iarratas faoi Scéim na hAoníocaíochta, nuair a dhéantar na riachtanais bhainistíochta reachtúla a shárú faoi thraschomhlíonadh nó nuair a ligtear don talamh a dhearbhaítear go bhfuil sí i ndea-riocht talmhaíochta agus comhshaoil a dhíghradú, cibé gurb é tú féin atá ciontach nó an duine a fuair an talamh nó a d'aistrigh an talamh go duine eile sa tréimhse 1 Aibreán 2008 go 31 Nollaig 2008, mar shampla nuair a rachaidh socrú conacra caighdeánaigh as feidhm ag deireadh Samhna, 2008. Tagann na socruithe seo in éifeacht ón 1 Aibreán 2008 ar aghaidh. Beidh na hoibleagáidí Traschomhlíonta atá ann cheana fós i bhfeidhm do na céad trí mhí de 2008.

Ní mór na tailte a dhearbhaíonn tú go bhfuil teacht agat orthu ar 31 Bealtaine 2008 a choinneáil mar thalamh thalmhaíochta don bhliain 2008. Má bhíonn a fhios agat go ndéanfar

roinnt den talamh atá ar fáil duit ar 31 Bealtaine 2008 a úsáid chun críocha neamhthalmhaíochta cibé rud is cúis leis sa bhliain sin, cosúil le haistriú laithreáin tithíochta, forbairt chlos feirme, aforaoiseacht talún agus mar sin de, ní féidir an talamh seo a chur san áireamh ar d'iarratas faoi Scéim na hAoníocaíochta. Is féidir leat iarratas a chur isteach maidir le dáileacht nó le dáileachtaí talún a scriosadh ó d'iarratas tar éis an dáta deiridh chun glacadh le leasuithe (31 Bealtaine 2008) má chuirfear san eolas thú go ndéanfar an dáileacht nó na dáileachtaí talún atá i gceist a úsáid chun críocha neamhthalmhaíochta le linn 2008. Ní fheidhmíonn an deis seo ach amháin sula n-eisítear an íocaíocht mura mbíonn fógra faighte agat ón Roinn Talmhaíochta, Iascaigh agus Bia go bhfuil fadhb ann nó mura mbíonn fógra scríofa faighte agat maidir le cigireacht ar an láthair. Is dóigh go nglacfaidh an Coimisiún Eorpach le forálacha forfheidhmithe a bhaineann leis na rialacha maidir le talamh ar fáil roimh an dáta deiridh le haghaidh iarratas i 2008**.**

Chun críocha na Rialachán Níotráití, úsáidfear an talamh a dhearbhaíonn tú ar d'iarratas faoi Scéim na hAoníocaíochta chun comhlíonadh an Rialacháin Níotráití a mheas.

Má thosaíonn tú ar shocrú cíosa nó féaraigh, de réir do chleachtas feirmeoireachta coitianta, a bhaineann le haon cheann de na tailte a dhearbhaítear ar d'iarratas SPS 2008, tar éis 31 Bealtaine 2008, tá oibleagáid ar an aistreoir agus an aistrí tosú ar shocrú cíosa nó féaraigh scríofa, ina gcuirtear an t-eolas seo a leanas san áireamh;

- Ainmneacha, seoltaí agus Uimhreacha Tréada an aistreora agus an aistrí araon;
- Uimhreacha Dáileachtaí LPIS do na tailte atá faoi réir an chomhaontaithe;
- Tréimhse an chomhaontaithe (dáta tosaigh agus dáta deiridh);
- Ní mór do na beirt chomhpháirtí an comhaontú a shíniú agus dáta a chur leis agus ní mór do dhuine neamhspleách a bheith mar fhinné ar na sínithe.

Ní mór don aistreoir agus don aistrí araon cóip a choimeád den chomhaontú cíosa nó féaraigh agus ba cheart go mbeadh an chóip seo le fáil i gcónaí chun go mbeadh oifigigh na Roinne Talmhaíochta, Iascaigh agus Bia in ann scrúdú a dhéanamh uirthi**.**

9
RIALUITHE AGUS CIGIREACHT

Beidh iarratais faoi Scéim na hAoníocaíochta faoi réir seiceála riaracháin, rialuithe agus cianmhothaithe ag baint feidhme as íomhánna satailíte nó grianghrafadóireachta aeir agus cigireacht ar an bhfeirm féin. Trí iarratas a chur isteach faoin SPS 2008 aontóidh iarrthóirí ligean d'oifigigh nó do ghníomhairí de chuid na Roinne cigireacht feirme a ghabháil de láimh le fógra roimh ré nó a mhalairt ag am(anna) réasúnta ar bith agus gan dochar do dhliteanas poiblí. Nuair a fhaightear faisnéis faoi cigireacht feirme, ba cheart d'iarrthóir socruithe a dhéanamh chun a bheith i láthair le haghaidh na cigireachta nó ionadaí a ainmniú ina (h)áit chun cabhrú leis an oifigeach cigireachta. Beidh gach uile chigireacht ar an láthair (bhfeirm) ina hábhar tuarascála agus tabharfar an deis don iarrthóir nó dá (h)ionadaí an tuarascáil a shíniú, a thabharfaidh le fios go raibh sé/sí i láthair ag an gcigireacht agus a c(h)uid tuairimí a chur léi más mian leis/léi amhlaidh. Ní himpleachtaíonn síniú na cáipéise seo go nglacann an t-iarrthoir nó a g(h)níomhaire lena bhfuil inti. Tá roghanna achomhairc éagsúla ag an iarrthóir más mian leis/léi leas a bhaint astu. De ghnáth is é an ráta de chigireacht ar an bhfeirm féin is gá maidir le traschomhlíonadh ná 1% de na feirmeoirí sin a bhfuil iarratas curtha isteach acu faoi Scéim na hAoníocaíochta. Ach ní mór cigireacht a dhéanamh ar 5% de na hiarrthóirí ar a laghad faoi na riachtanais faoi Shainaithint agus Clárú Ainmhithe maidir le

Traschomhlíonadh i dtaca le heallach agus 3%i dtaca le caoirigh os rud é go bhfuil na leibhéil sin forórdaithe faoi na Rialacháin ábhartha. Chomh maith le seiceáil maidir le traschomhlíonadh is gá seiceáil chaighdeánach maidir le hincháilitheacht a ghabháil de láimh chun a fhíorú go bhfuil an t-achar iarbhír a éilítear ar fhoirm iarratais Scéim na hAoníocaíochta ar aon dul leis an achar atá ag an bhfeirmeoir agus a chinntiú nach bhfuil aon éilimh fhorluiteacha nó dúbailte ann. Beidh sé riachtanach freisin a fhíorú nach mbíonn talamh as a mbaintear feidhm le haghaidh foraoiseachta nó aon bharra buana eile á úsáid chun teidlíochtaí a tharraingt anuas sa bhliain ina gcuirtear iarratas isteach faoi Scéim na hAoníocaíochta.

Beidh an príomhfhreagracht ag an Roinn Talmhaíochta, Iascaigh agus Bia, mar an Áisíneacht Íoctha creidiúnaithe ag an AE, chun a chinntiú go ndéantar an leibhéal is gá de chigireacht maidir le traschomhlíonadh a ghabháil de láimh agus chun aon smachtbhannaí atá le cur i bhfeidhm a shocrú. Chun seiceáil agus cigireacht ar an bhfeirm a éascú, comhoibreoidh iarrthóirí le foireann na Roinne, tabharfaidh siad freagra ar gach fiosrúchán agus chuirfidh siad aon fhianaise cháipéiseach ar fáil a d'fhéadfaí iarraidh maidir lena n-iarratas faoi Scéim na hAoníocaíochta. Má chliseann ort déanamh amhlaidh, d'fhéadfaí cúnamh a chailliúint. Mura bhfuiltear in ann cigireacht ar an bhfeirm a ghabháil de láimh trí lucht nó ghníomh an iarrthóra, diúltófar don iarratas mura ndéantar cás de force majeure a chinneadh ag an Roinn**.**

10
TRASCHOMHLÍONADH

Faoi riachtanais maidir le Traschomhlíonadh, ní mór d'fheirmeoir a fhaigheann íocaíochtaí díreacha, lena n-áirítear SPS, DAS, REPS agus mar sin de, na riachtanais reachtúla éagsúlachta ó thaobh bainistíochta de a leagtar síos i reachtaíocht an AE (Treoracha agus Rialacháin) maidir leis an gcomhshaol, le sábháilteacht bhia, sláinte agus leas ainmhithe agus sláinte plandaí a urramú agus an fheirm a chothú i ndea-riocht talmhaíochta agus comhshaoil (GAEC). Ní dhéanfar aon íocaíocht i bhfabhar tairbhithe a chruthaigh go saorga na coinníollacha is gá chun a leithéid d'íocaíochtaí a fháil d'fhonn buntáiste a fháil atá in aghaidh na gcuspóirí a bhaineann leis an scéim tacaithe sin. Fuair gach feirmeoir na foilseacháin a leagtar amach thíos. Tugann na foilseacháin seo cur síos mion ar na riachtanais maidir le traschomhlíonadh a leagtar amach i Rialachán Coimisiúin (CE) Uimh. 796/2004 (arna leasaíodh) a bhaineann le Scéim na hAoníocaíochta. Ba cheart d'fheirmeoirí na leabhráin seo a léamh go cúramach in éineacht leis an mBileog Chabhrach seo. Tá sonraí breise lena n-áirítear na liostaí seiceála ar fad le fáil ar shuíomh idirlín na Roinne ag **www.agriculture.gov.ie**

- Scéim na hAoníocaíochta – Treoir ar Thraschomhlíonadh
- Treoir ar Riachtanais Traschomhlíonta a chuirfear i ngníomh i 2006 agus 2007.
- Lámhleabhar Mínitheach do Rialacháin Dea-Chleachtais Talmhaíochta.
- Cad a tharlóidh má roghnófar thú le haghaidh cigireachta faoi Scéim na hAoníocaíochta/Scéim Liúntais Chúiteach na Limistéar faoi Mhíbhuntáiste – foilsithe i Lúnasa 2007, tugann an lámhleabhar seo mionchuntas ar na hoibleagáidí atá le comhlíonadh ag feirmeoirí a chuireann iarratas isteach faoi Scéim na hAoníocaíochta**.**

11
PIONÓIS AS RÓ-DHEARBHÚ ACHAIR FAOI SCÉIM NA hAONÍOCAÍOCHTA

Ní dhéanfar pionóis a ghearradh ar an Aoníocaíocht Feirme maidir le ró-dhearbhú ar achair incháilithe nuair is ionann nó níos mó an t-achar incháilithe iomlán a dhearbhaítear (a fhaightear) agus líon na dteidlíochtaí íocaíochta atá ag an iarrthóir.

Mura bhfuil an t-achar incháilithe iomlán mór go leor chun líon na dteidlíochtaí atá agat a thacú caithfear pionóis a íoc de réir Airteagal 49/50/51/53 den Rialachán Coimisiúin (CE) Uimh 796/2004 (arna leasaíodh). Baineann na hAirteagail seo freisin leis an Scéim um Barra Fuinnimh, an Scéim um Préimheanna Barra Próitéine, Scéim na Limistéar Faoi Mhíbhuntáiste agus an Scéim REPS.

Más rud é, maidir le Scéim na hAoníocaíochta, go bhfuil difríocht idir na teidlíochtaí íocaíochta atá agat agus an t-achar a dhearbhaítear ar an iarratas, beidh na suimeanna bunaithe ar an bhfigiúr is lú. Má shocraítear go bhfuil difríocht de níos lú ná 3% den achar i gceist, bunófar an íocaíocht ar an achar a fhaightear. Má bhíonn difríocht de níos mó ná 2 heicteár i gceist áfach, beidh na pionóis seo a leanas i gceist.

Nuair is ionann nó níos lú ná 0.1 heicteár an difríocht idir an t-achar a dhearbhaítear agus an t-achar a shocraítear, bunaítear an íocaíocht ar an achar a dhearbhaítear**.**

Difríocht idir líon na heicteár incháilithe socraithe (a fhaightear) agus líon na heicteár a dhearbhaítear nó líon na dteidlíochtaí faoi Scéim na hAoníocaíochta atá agat más lú é.	**Leibhéal an Laghdaithe/na hEisiatachta**
Nuair a bhíonn difríocht i gceist de níos mó ná 3% nó suas go 20% den achar socraithe (a fhaightear) nó de níos mó ná 2 heicteár	Tá an íocaíocht bunaithe ar líon na heicteár incháilithe socraithe (a fhaightear) laghdaithe le dhá oiread na difríochta (i heicteáir) idir líon na heicteár a dhearbhaítear nó líon na dteidlíochtaí atá agat más lú é.
Nuair a bhíonn difríocht i gceist de níos mó ná 20% den achar socraithe (a fhaightear) suas go 30%	Ní dhéanfar aon íocaíocht faoi Scéim na hAoníocaíochta don Bhliain de chuid na Scéime atá i gceist.
Nuair a bhíonn difríocht i gceist de níos mó ná 30% den achar socraithe (a fhaightear)	Ní dhéanfar aon íocaíocht faoi Scéim na hAoníocaíochta don Bhliain de chuid na Scéime atá i gceist agus, más infheidhme, faoi na Scéimeanna um Barra Fuinnimh agus Próitéine.

Chomh maith leis seo, nuair a dhéantar ró-dhearbhú achair d'aonturas, beidh na pionóis seo a leanas i gceist dá ndéanfadh an ró-dhearbhú difríocht don íocaíocht**.**

• Nuair a dhéantar ró-dhearbhú achair d'aonturas de suas le 20%, ní dhéanfar aon íocaíocht SPS don bhliain inar cuireadh an iarratas isteach. Ní bheidh feidhm ag an bhforáil seo nuair a bhíonn difríocht de níos lú ná 0.5% i gceist idir an t-achar a dhearbhaítear agus an t-achar a shocraítear (a fhaightear) nó difríocht de níos lú ná heicteár amháin**.**

• Nuair a dhéantar ró-dhearbhú achair d'aonturas de bhreis is 20%, ní dhéanfar aon íocaíocht faoi Scéim na hAoníocaíochta don Bhliain de chuid na Scéime atá i gceist agus cuirfear fíneáil ar aon luach leis an Aoníocaíocht ar líon na heicteár ró-dhearbhaithe (difríocht idir

líon na heicteár a shocraítear (a fhaightear) agus líon na heicteár a dhearbhaítear nó líon na dteidlíochtaí atá agat faoi Scéim na hAoníocaíochta) in aghaidh íocaíochtaí dlite don iarrthóir sa trí bhliain tar éis na bliana ina ndearnadh an socrú.
Nuair a bhíonn an t-achar a dhearbhaítear faoi réir aon laghdaithe nó eisiachtachta, lena n-áirítear laghdú de níos lú ná 3%, agus nuair a bhíonn breis is sraith teidlíochtaí íocaíochta amháin ag an iarrthóir, déantar an íocaíocht a áireamh bunaithe ar mheánluach na dteidlíochtaí sin.
Beidh an córas pionóis i bhfeidhm chomh maith maidir le ró-dhearbhuithe achair faoin Scéim um Barra Fuinnimh agus faoin Scéim um Préimheanna Barra Próitéine.

12
PIONÓIS AS DEARBHÚ EASNAMHACH DÁILEACHTAÍ TALÚN FAOI SCÉIM NA hAONÍOCAÍOCHTA;

Déanann Rialachán Coimisiún (CE) Uimh. 796/2004 (arna leasaíodh) foráil chun pionóis a chur i bhfeidhm maidir le dearbhú easnamhach dáileachtaí talún iomlána. Is iad seo a leanas na pionóis a ndéantar foráil lena n-aghaidh:
(i) Nuair a bhíonn dearbhú easnamhach dáileachta(í) talún idir 3% agus 20% den talamh a dhearbhaítear san iarratas ann, beidh pionós de 1% i gceist.
(ii) Nuair a bhíonn dearbhú easnamhach dáileachta(í) talún idir 20% agus 50% den talamh a dhearbhaítear san iarratas ann, beidh pionós de 2% i gceist.
(ii) Nuair a bhíonn dearbhú easnamhach dáileachta(í) talún de bhreis is 50% den talamh a dhearbhaítear san iarratas ann, beidh pionós de 3% i gceist.

13
COISTE ACHOMHARC SCÉIM NA hAONÍOCAÍOCHTA

Tar éis faisnéisiú a fháil faoi thoradh a n-achomharc faoi na bearta athbhreithnithe éagsúla a cuireadh i bhfeidhm agus/nó toradh an athbhreithnithe ar a dTeidlíochtaí, is féidir le feirmeoirí achomharc a dhéanamh faoi chinneadh na Roinne go dtí Coiste Achomharc na hAoníocaíochta a bhunaigh an tAire. Ba cheart an t-achomharc a chur isteach ar an bhfoirm chuí go dtí Rannóg ábhartha Aonad na hAoníocaíochta taobh istigh de cheithre lá déag ó dháta eisiúna chinneadh na Roinne.

14
AN OIFIG UM ACHOMHAIRC TALMHAÍOCHTA

Is féidir le feirmeoir ar gearradh pionós as Traschomhlíonadh a shárú nó as aon sárú eile de na coinníollacha maidir le hincháilitheacht faoi scéim na hAoníocaíochta achomharc a chur go dtí an Oifig um Achomhairc Talmhaíochta. Ba cheart achomhairc a chur isteach laistigh de thrí mhí ó chinneadh na Roinne Ba cheart achomhairc a sheoladh go dtí: An Oifig um Achomhairc Talmhaíochta, Cúirt Chill Mhinche, Port Laoise, Co Laoise, Íosghlao: **1890-671671, Guthán: 057-8667167.**

15
UASMHÉADAIGH D'ÍOCAÍOCHTAÍ TEIDLÍOCHTAÍ I 2008

Gheobhaidh feirmeoir le teidlíochtaí aige/aici faoi Scéim na hAoníocaíochta i 2008 íocaíocht ar luach iomlán na dteidlíochtaí sin, lúide aon laghduithe éigeantacha, más rud é go ndéantar iarratas faoin SPS a chur isteach in am agus go ndéantar aon heicteár de thalamh incháilithe a dhearbhú i leith gach teidlíochta.

Cailliúint teidlíochtaí faoi riail na 3 bliana

Tá bunriail 3-bliana ann "Bain úsáid astu nó caill iad" faoi Scéim na hAoníocaíochta. Cé gur tháinig deireadh le céad chiogal 3 bliana Scéim na hAoníocaíochta i 2007 (2005, 2006, 2007), beidh deireadh ag teacht le dara chiogal 3 bliana Scéim na hAoníocaíochta – 2006, 2007, 2008, i 2008 agus dá bhrí sin is bliain rí-thábhachtach d'fheirmeoirí áirithe í 2008. D'fhéadfadh aon fheirmeoir nach bhfuil go leor heicteár incháilithe dearbhaithe aige/aici nuair a chuirtear 2006 agus 2007 le chéile, nach bhfuil in ann líon iomlán a dteidlíochtaí a bhaint amach nuair a chuirtear na heicteáir ó 2008 leis an méid seo, roinnt dár dteidlíochtaí nó a dteidlíochtaí uile a chailliúint don Chúltaisce Náisiúnta. Caillfear teidlíochtaí nuair is lú líon iomlán na heicteár a dearbhaíodh le linn na 3 bliana (2006, 2007 agus 2008) ná líon na dteidlíochtaí atá ag an bhfeirmeoir**.**

Mar shampla

Tá 40 Teidlíocht caighdeánach ag feirmeoir. Dhearbhaigh sé 10 heicteár i 2006 agus 10 heicteár i 2007. Má dhearbhaíonn an feirmeoir seo 10 heicteár arís eile i 2008, caillfidh sé 10 dteidlíocht toisc nár úsáid sé ach 30 heicteár le linn na tréimhse 3 bliana 2006 go 2008. Chun cailliúint a sheachaint, ba cheart dó 20 heicteár a dhearbhú i 2008.

Ord Íocaíochta Teidlíochtaí

I roinnt bheag chásanna, bíonn teidlíochtaí de luachanna difriúla ag iarrthóirí SPS. Is féidir a bheith i gceist sna cúinsí seo, cibé rud is cúis leis, nach bhfuil go leor heicteár ar fáil chun íocaíocht a dhéanamh ar na teidlíochtaí sin go léir i 2008. De ghnáth, déanfar íocaíocht ar theidlíochtaí san ord a leagtar amach ar an bhfoirm iarratais SPS réamhphriontáilte, is é sin ná:

***Ar an gcéad dul síos*:** Tugtar tús áite do theidlíochtaí curtha i leataobh, más infheidhme, ar na teidlíochtaí Aoníocaíochta eile go léir**.**

Sa dara háit: Teidlíochtaí a thagann ina n-iomláine ón gCúltaisce Náisiúnta.

Ina dhiaidh sin, teidlíochtaí Caighdeánacha, Caighdeánacha Aistrithe nó teidlíochtaí líonta go buinne ón gCúltaisce Náisiúnta ag tosú leis na teidlíochtaí is airde luach.

Má theastaíonn uait ord íocaíochta nua a roghnú toisc nach mbeidh an "t-aon heicteár talún incháilithe amháin le haghaidh gach teidlíochta" comhlíonta agat faoi 2008, is féidir leat ord íocaíochta eile a chur isteach i gColún 6 den Tábla Teidlíochtaí ar leathanach tosaigh na foirme. Níl ach sraith amháin teidlíochtaí ag an gcuid is mó d'iarrthóirí, seachas teidlíochtaí curtha i leataobh, agus dá bhrí sin ní bheidh orthu Colún 6 a líonadh isteach.

16
ÍOCAÍOCHT AR THEIDLÍOCHTAÍ MAIDIR LE TALAMH CURTHA I LEATAOBH I 2008

Tá ráta de 0% socraithe ag an gCoimisiún Eorpach do 2008 do thalamh atá curtha i leataobh. Ar an ábhar sin, ní mór d'fheirmeoir le teidlíochtaí curtha i leataobh aon chuid den talamh a chur i leataobh i 2008.

D'fhonn a bheith in ann an Aoníocaíocht 2008 a tharraingt anuas i leith teidlíochtaí atá curtha i leataobh, ní mór duit go leor heicteár talún a dhearbhú gur féidir iad a chur i leataobh. Ní gá an talamh gur féidir í a úsáid mar thalamh atá curtha i leataobh a úsáid chun na críocha sin. Is féidir talamh atá incháilithe le haghaidh teidlíochtaí curtha i leataobh a úsáid mar seo a leanas:

- **aon táirgeadh talmhaíochta incháilithe (féinshíolta le barr, féarach agus mar sin de)**
  nó
- **is féidir leanúint ar aghaidh agus an talamh a chur i leataobh mar thalamh thalmhaíochta nach n-úsáidtear í le haghaidh táirgthe talmhaíochta (curtha i leataobh go deonach). Sa chás seo, ní mór an talamh a choimeád i ndea-riocht talmhaíochta agus comhshaoil chun caighdeáin Traschomhlíonta a chomhlíonadh.**

Ní mór íoc as teidlíochtaí curtha i leataobh sa chéad áit.

D'fhonn d'íocaíocht iomlán faoin 2008 SPS a tharraingt anuas ní mór duit heicteár amháin a dhearbhú le haghaidh gach teidlíochta atá agat. Agus d'íocaíocht faoin SPS 2008 a áireamh agat, glacfar ar dtús le go leor heicteár ó do dhearbhú talún iomlán atá incháilithe chun do theidlíochtaí curtha i leataobh a chomhlíonadh. Ansin, bunófar an íocaíocht a gheobhaidh tú maidir le do theidlíochtaí eile ar na heicteáir eile a dhearbhaítear.

Sampla 1

Tá 2 theidlíocht curtha i leataobh ag Seán @ €371 an teidlíocht agus 10 dteidlíocht chaighdeánach @ €200 an teidlíochta.
Dearbhaíonn sé 12 heicteár ar a bhfoirm iarratais faoin SPS 2008 (6 heicteár arbhar agus 6 heicteár foráiste). Ní dhearbhaítear aon talamh curtha i leataobh ach tá 2 heicteár atá incháilithe mar thalamh curtha i leataobh dearbhaithe ag Seán le barr incháilithe eile ann seachas barr curtha i leataobh.
Áireamh íocaíochta:
2 x €371 +10 x €200 = Íocaíocht iomlán.

Sampla 2

Tá 2 theidlíocht curtha i leataobh ag Séamas @ €371 an teidlíochta agus 10 dteidlíocht ón gCúltaisce Náisiúnta @ €400 an teidlíochta (chomhdhlúthaigh sé a theidlíochtaí i 2005).
Dearbhaíonn sé 10 heicteár ar a bhfoirm iarratais faoin SPS 2008 (6 heicteár arbhar agus 4 heicteár foráiste). Ní dhearbhaítear aon talamh curtha i leataobh ach tá 2 heicteár atá incháilithe mar thalamh curtha i leataobh dearbhaithe ag Séamas le barr incháilithe eile ann seachas barr curtha i leataobh.

Áireamh íocaíochta:
2 x €371 + 8 x €400.
Sa chás seo, tá 2 heicteár eile ag teastáil ó Shéamas chun a theidlíochtaí uile a chomhlíonadh. Ní mór íoc as an 2 theidlíocht curtha i leataobh sa chéad áit. Níl ach 8 heicteár eile aige chun íocaíocht a tharraingt anuas ar a 10 dteidlíocht Cúltaisce Náisiúnta, agus mar sin de ní gheobhaidh sé íocaíocht ach do na 8 heicteár seo. Dá bhrí sin cailleann sé 2 íocaíocht (2 x €400) agus, ina theannta sin, rachaidh 2 theidlíocht i bhfrithdhílse chuig an gCúltaisce Náisiúnta toisc gur teidlíochtaí Cúltaisce Náisiúnta iad, gur gá iad a úsáid gach bliain**.**

Go hachomair, ní mór duit talamh a chur i leataobh ach is féidir leat í a chur i leataobh ar bhonn deonach nuair a chuireann sé le do chleachtas feirmeoireachta. Cé gur léirigh an

Coimisiún AE go ndéanfaidh sé deireadh an phróisis curtha i leataobh éigeantaigh a mheas ó 2009 ar aghaidh, níor tugadh isteach aon togra oifigiúil chuige sin fós**.**

Leanfar ar aghaidh leis an Scéim um fheidhm neamhbhia a bhaint as talamh curtha i leataobh. Freisin, is féidir leis an méid beag feirmeoirí a bhí i dteideal dáileachtaí Foraoiseachta a dhearbhú go traidisiúnta mar Chur i Leataobh Foraoiseachta chun a dteidlíochtaí curtha i leataobh a chomhlíonadh (gan íocaíocht) leanúint ar aghaidh le seo.

Pionóis agus eisiatachtaí as dearbhú easnamhach tailte curtha i leataobh incháilithe
Faoi Scéim na hAoníocaíochta, ní mór teidlíochtaí curtha i leataobh a úsáid roimh aon teidlíochtaí eile. D'fhonn a bheith in ann an Aoníocaíocht 2008 a tharraingt anuas i leith teidlíochtaí atá curtha i leataobh, ní mór duit go leor heicteár talún a dhearbhú gur féidir iad a chur i leataobh, ach níl ort an talamh seo a úsáid chun críocha curtha i leataobh.
Nuair nach ndearbhaíonn feirmeoir dóthain heicteár maidir le gach uile teidlíocht Curtha i Leataobh (le haon úsáid dáileachtaí), caithfear an feirmeoir sin a mheas a bheith gan a c(h)uid oibleagáidí maidir le cur i leataobh a chomhlíonadh agus d'fhéadfadh a bheith air/uirthi pionóis a íoc. Sa chás seo, measfar an t-achar a bhaineann leis an talamh neamhdhearbhaithe gur féidir í a chur i leataobh gan a bheith faighte agus gearrfar pionós de réir cásanna ina ndéantar ró-dhearbhú achair – féach Rannán 11 thuas.

17
ÍOCAÍOCHT AR THEIDLÍOCHTAÍ CÚLTAISCE NÁISIÚNTA I 2008

Ní cheadmhach d'fheirmeoirí a fhaigheann teidlíochtaí ón gCúltaisce Náisiúnta aon cheann dá dteidlíochtaí a dhíol, a léasú amach nó a aistriú ar bhealach ar bith eile (ach amháin mar oidhreacht nó mar bhronntanas) a fuair siad ón gCúltaisce Náisiúnta le haghaidh tréimhse 5 bliana ag tosú ón mbliain inar leithdháileadh iad. Ní mór d'fheirmeoirí a n-éiríonn leo faoin gCúltaisce Náisiúnta leanúint de bheith páirteach i ngníomhaíocht talmhaíochta le haghaidh 5 bliana ar a laghad más mian leo a gcuid Teidlíochtaí faoin gCúltaisce Náisiúnta a choinneáil. Tá teidlíochtaí a leithdháileadh ón gCúltaisce Náisiúnta faoi réir an laghdaithe mhodhnaithe ar an mbealach céanna le gach teidlíocht eile.
Bainfidh an Roinn feidhm as an gCúltaisce Náisiúnta chomh maith chun Teidlíochtaí a chomhdhlúthú le catagóirí áirithe d'fheirmeoirí a dhearbhaíonn, ar chúiseanna sonracha, níos lú heicteár ná na Teidlíochtaí a leithdháileadh orthu.

18
ÍOCAÍOCHT AR THEIDLÍOCHTAÍ BIATAS SIÚCRA I 2008

I 2006, i gcomhthéacs leasaithe ag an AE den chóras siúcra, bunaíodh na rátaí cúitimh atá i gceist faoin ngné a bhaineann le biatas siúcra i Scéim na hAoníocaíochta. Tugadh an cúiteamh seo isteach mar chuid de Scéim na hAoníocaíochta i 2006 agus cuirfear i bhfeidhm é de réir mar a leagtar amach le haghaidh na mblianta le teacht**.**

Bliain	Ráta Cúitimh an Tonna a Chonraítear	Ráta le haghaidh na Suime Breise le fáil i Síleáil Náisiúnta na hÉireann maidir le Scéim na hAoníocaíochta	Iomlán an Tonna a Chonraítear
2006	**€8.32**	**€1.29**	**€9.62**
2007	**€10.42**	**€1.29**	**€11.71**
2008	**€12.51**	**€1.29**	**€13.80**
2009	**€13.63**	**€1.29**	**€14.92**

2010	**€13.63**	**-**	**€13.63**
2011	**€13.63**	**-**	**€13.63**
2012	**€13.63**	**-**	**€13.63**

19
AISTRIÚ TEIDLÍOCHTAÍ

Ní féidir teidlíochtaí Aoníocaíochta a aistriú ach amháin d'fheirmeoir eile in Éirinn. Ba é an dáta deiridh chun glacadh le hiarratais atá líonta isteach le haghaidh aistrithe teidlíochtaí don bhliain scéime 2008 ná 15 Bealtaine 2008. Tá an fhoirm iarratais le haghaidh aistrithe teidlíochtaí le fáil ar shuíomh idirlín na Roinne www.agriculture.gov.ie Is féidir teidlíochtaí a dhíol, le talamh nó gan í, ach ní féidir iad a dhíol gan talamh ach amháin nuair a úsáideadh 80% de na teidlíochtaí le linn aon cheann de na blianta 2005, 2006 nó 2007. Ba cheart a thabhairt faoi deara gur cuireadh deireadh le haisbhreith maidir le teidlíochtaí a dhíoltar le talamh nó gan í. Ní féidir teidlíochtaí a léasú amach/ligint ar cíos ach amháin má chuirtear leo líon coibhéiseach heicteár de thalamh incháilithe. Nuair a éagann an comhaontú léasa/cíosa, rachaidh teidlíochtaí ar léas i bhfrithdhílse chuig an aistreoir. Is féidir teidlíochtaí a aistriú trí bhronntanas nó oidhreacht chomh maith. Ba cheart d'fheirmeoirí a thabhairt faoi deara go mbíonn orthu codanna ábhartha den fhoirm iarratais maidir le haistriú teidlíochtaí a líonadh isteach chomh maith nuair a dhéantar athruithe do shonraí cláraithe uimhreach tréada sa tréimhse 16 Bealtaine 2007 go 15 Bealtaine 2008.
Ní mór iarratais maidir le haistriú teidlíochtaí atá líonta isteach a chur isteach go dtí Aonad na hAoníocaíochta, An Rannóg um Aistriú Teidlíochtaí, An Roinn Talmhaíochta, Iascaigh agus Bia, Foirgnimh Eircom, Bóthar Cnoc Meá, Port Laoise, Co. Laoise. **Íosghlao 1890-200-560.**

20
AISTRIÚ GABHÁLTAIS IOMLÁN IDIR AN DÁTA AR A gCUIRTEAR IARRATAS ISTEACH FAOIN SPS AGUS 31 NOLLAIG 2008

Is éard a bheidh mar bhrí le "Aistriú gabháltais iomláine" ná díol, léasú nó imeacht den chineál céanna maidir leis na haonaid tháirgthe uile atá i gceist. Is éard a bheidh mar bhrí leis an "Aistreoir" ná an feirmeoir a n-aistrítear a ghabháltas go feirmeoir eile. Is éard a bheidh mar bhrí leis "an Aistrí" ná an feirmeoir a n-aistrítear an gabháltas dó.
Nuair a aistrítear gabháltas iomlán ó fheirmeoir amháin go feirmeoir eile, idir an dáta ar a gcuirtear iarratas isteach faoi Scéim na hAoníocaíochta agus 31 Nollaig 2008, ní féidir aon íocaíocht a dhéanamh don aistreoir os rud é nár comhlíonadh na coinníollacha chun an Aoníocaíocht a bhronnadh.
D'fhonn íocaíocht a eisiúint don aistrí, ní mór don aistrí aontú teacht i gcomharbas ar fhreagrachtaí an aistreora trí Dhearbhú Gealltanais (SPS/UND) a líonadh isteach. Ní mór don Aistreoir agus don Aistrí araon an fhoirm seo a líonadh isteach agus caithfear foirm maidir le hAistriú Teidlíochta (SPS/TE 2009) a bheith in éineacht leis. Tá na foirmeacha seo le fáil ar shuíomh idirlín na Roinne www.agriculture.gov.ie Ní mór don aistrí na coinníollacha faoi bhronnadh an chúnaimh a chomhlíonadh agus na gealltanais a thugann an t-aistreoir a urramú. Measfar an gabháltas a aistrítear mar ghabháltas ar leith agus ní chuirfear le haon ghabháltas eile de chuid an aistrí don bhliain ina dtarlaíonn an t-aistriú.

21
COMHDHLÚTHÚ TEIDLÍOCHTAÍ AONÍOCAÍOCHTA

Is iad seo a leanas na príomhphointí a bhaineann le Comhdhlúthú Teidlíochtaí Aoníocaíochta:

- Ní féidir Teidlíochtaí Curtha i Leataobh agus Teidlíochta Coinníollacha Speisialta a chomhdhlúthú.
- Cuirfear Teidlíochtaí Curtha i Leataobh san áireamh nuair a dhéanfar an riail 50% a shocrú.
- Ní féidir le feirmeoir a fhaigheann tailte agus teidlíochtaí ar cheannach/léas a theidlíochtaí ceannaithe/léasaithe a chomhdhlúthú.
- Nuair a fhaightear gabháltas iomlán mar bhronntanas/oidhreacht, is féidir leis an bhfeirmeoir a fuair na tailte agus teidlíochtaí, nó a gheobhaidh na tailte agus teidlíochtaí, trí oidhreacht nó mar bhronntanas ó fheirmeoir a fuair íocaíochtaí díreacha le linn na tréimhse tagartha, iarratas a chur isteach chun a t(h)eidlíochtaí a chomhdhlúthú.
- Ní mór líon na heicteár incháilithe a dhearbhaítear ar an bhfoirm iarratais faoi Scéim na hAoníocaíochta 2008 a bheith níos lú ná líon na dTeidlíochtaí a bronnadh ort.
- Ba cheart líon na heicteár a dhearbhaíonn tú ar d'iarratas faoi Scéim na hAoníocaíochta 2008 a bheith ar chomhmhéid le 50% ar a laghad de na Teidlíochtaí a leithdháileadh ort, lena n-áirítear aon teidlíochtaí breise a bronnadh ort i leith cúitimh Biatas Siúcra. Ní mór don talamh a chailltear a bheith ar chomhmhéid leis an difríocht nó níos mo ná an difríocht idir líon na dteidlíochtaí lúide na heicteár incháilithe a dhearbhaítear i 2008 agus a bheith mar thoradh ar cheann de na bearta atá liostaithe thíos atá incháilithe le haghaidh Comhdhlúthaithe.

Ní mór don laghdú a thagann ar líon na heicteár a dhearbhaítear san Iarratas SPS 2008 a bheith mar thoradh ar cheann amháin nó níos mó de na bearta seo a leanas:

- Foraoisiú talún;
- Talamh a fhaigheann údarás poiblí chun críocha neamhthalmhaíochta (áireofar leis seo, mar shampla, tailte a ceannaíodh go héigeantach ar mhaithe le forbairt bóithre agus mar sin de ach ní áireofar leis seo tailte a ceannaíodh le haghaidh forbartha príobháidí);
- Tailte a léasaíodh i bpáirt nó in iomlán den tréimhse tagartha (2000-2002) agus go bhfuil an comhaontú léasa imithe ar éag, nó go n-imeoidh sé agus nach mbeidh na dáileachtaí talún atá i gceist dearbhaithe ar d'iarratas SPS 2008;
- Tailte a ligeadh ar cíos i bpáirt nó in iomlán den tréimhse tagartha agus go bhfuil an comhaontú cíosa imithe ar éag, nó go n-imeoidh sé agus nach mbeidh na dáileachtaí talún atá i gceist dearbhaithe ar d'iarratas SPS 2008;
- Tailte a cailleadh toisc foirgnimh faoin Scéim um Chúnamh Infheistíochta do Bhainistíocht Dramháil Feirme.

Ní féidir iarratais maidir le Comhdhlúthú Teidlíochtaí de bharr heicteár a cailleadh faoi na bearta a mhínítear thuas a mheas ach amháin dá mba rud é gur úsáideadh na heicteáir seo chun do theidlíochtaí a bhunú le linn na tréimhse tagartha.
Is féidir le feirmeoirí a bhronntar teidlíochtaí breise orthu mar thoradh ar an Athchóirithe Biatas Siúcra i 2006 iarratas a chur isteach chun a dteidlíochtaí a Chomhdhlúthú. Ach ba cheart gur cailleadh an talamh faoi cheann de na bearta thuas.

- Má dhéanann feirmeoir an méid céanna teidlíochtaí agus heicteár a aistriú go buan (trí dhíol/bhronntanas/oidhreacht), ní chuirfear an talamh seo san áireamh nuair a dhéanfar comhdhlúthú a áireamh i 2008, ach beidh an riail 50% bunaithe ar réamhdhiúscairt.
- Mura ndéanann feirmeoir an méid céanna heicteár ar a laghad a chur i bhfeidhm in ionad na dtailte ar úinéireacht a aistríodh go buan, déanfar na teidlíochtaí comhdhlúthaithe a áireamh bunaithe ar an talamh a aistríodh chomh maith leis an talamh a dearbhaíodh ar an bhfoirm iarratais SPS. Caillfear teidlíochtaí don Chúltaisce Náisiúnta mar thoradh ar seo.
- Tá feirmeoirí i dteideal iarratas a chur isteach ar chomhdhlúthú i mbliain amháin nó níos mó más rud é go gcomhlíontar na coinníollacha ar fad. Dá mba rud é gur glacadh leat faoin mbeart maidir le Comhdhlúthú le linn na bliana scéime roimhe sin agus má theastaíonn Comhdhlúthú breise uait i 2008, ní féidir an talamh, a rinneadh feirmeoireacht uirthi le linn na tréimhse tagartha agus a úsáideadh chun do theidlíochtaí a bhunú nuair a rinneadh d'iarratas Comhdhlúthaithe roimhe sin a áireamh, a athúsáid i 2008.
- Dá mba rud é gur comhdhlúthaíodh do thalamh le linn Bliana de chuid na Scéime roimhe sin agus go bhfuil iarratas curtha isteach agat ar Chomhdhlúthú breise i 2008, atosóidh an tréimhse cúig bliana maidir leis an gCúltaisce Náisiúnta agus le Trádáil amach Teidlíochtaí i 2008.

Cáipéisí Tacaithe

Ní mór na cáipéisí seo a leanas a chur isteach le d'iarratas Comhdhlúthaithe líonta isteach mar is cuí do d'iarratas.

- I gcás talún a dhíoltar d'údarás poiblí chun chríocha neamhthalmhaíochta, cuir cóip den CPO/chonradh díola isteach le d'iarratas le do thoil.
- Nuair a théann léas ar éag, cuir isteach cóip deimhnithe den chomhaontú léasa atá imithe ar éag le d'iarratas le do thoil.
- Nuair a théann comhaontú cíosa ar éag, ní mór duit an dearbhú cíosa ar leathanach tosaigh den iarratas seo a shíniú. Chomh maith leis seo, má iarrann an Roinn ar an iarrthóir cruthúnas a sholáthar ar chomhaontú cíosa talún atá imithe ar éag, beifí ag súil leis go ndéanfadh an t-iarrthoir fianaise dá leithéid a sholáthar ar iarratas.
- Nuair a bhíonn an comhdhlúthú bunaithe ar thalamh faoi fhoraois, ba cheart sonraí na ndáileachtaí talún faoi fhoraois a chur isteach leis an iarratas agus ba cheart dáileachtaí faoi fhoraois a dhearbhú ar d'iarratas faoin SPS 2008.
- I gcás tailte a úsáideadh le haghaidh foirgneamh faoin Scéim um Chúnamh Infheistíochta do Bhainistíocht Dramháil Feirme, ní mór an litir formheasa FWM8 a sholáthar.

Tabhair faoi deara le do thoil

Eisítear Teidlíochtaí Comhdhlúthaithe ón gCúltaisce Náisiúnta agus dá bhrí sin ní féidir iad a dhíol nó a léasú ar feadh tréimhse cúig bliana. Dá mba rud é go ndearna tú comhdhlúthú le linn blianta eile, tosaíonn an riail cúig bliana seo ón bhliain comhdhlúthaithe is déanaí. Le linn na tréimhse 5 bliana seo, ní mór don fheirmeoir éileamh a chur isteach ar na dTeidlíochtaí comhdhlúthaithe ar fad gach bliain ar an bhfoirm iarratais SPS. Mura gcuirtear éileamh isteach ar aon cheann de na Teidlíochtaí seo bliain ar bith, caillfear na Teidlíochtaí sin don Chúltaisce Naisiúnta go deo.

Má bhíonn aon fhiosrúcháin agat maidir le Comhdhlúthú Teidlíochtaí, déan teagmháil le do thoil le Rannóg um Chomhdhlúthú, Aonad na dTeidlíochtaí Aoníocaíochta, An Roinn Talmhaíochta, Iascaigh agus Bia, Foirgnimh Eircom, Cnoc Meá, Port Laoise, Co. Laoise. Íosghlao 1890 252 240 nó 1890 252 241.

22
TÉARMAÍ AGUS COINNÍOLLACHA SONRACHA A BHAINEANN LE SCÉIM NA LIMISTÉAR FAOI MHÍBHUNTÁISTE 2008 (DAS)

A. Incháilitheacht

Chun a bheith incháilithe chun íocaíocht a fháil faoi Scéim na Limistéar faoi Mhíbhuntáiste 2008 (DAS) ní mór duit:

(1) A bheith 18 mbliain d'aois nó níos sine le hUimhir Thréada bhailí arna h-eisiúint ón Roinn Talmhaíochta, Iascaigh agus Bia**.**

(2) Bheith i mbun feirme ar do riosca féin agus 3 heicteár ar a laghad de thalamh foráiste a shaothrú in achar taobh istigh den Stát atá ainmnithe mar Limistéar faoi Mhíbhuntáiste ag an Aire agus rangaithe mar Thalamh Íseal Mhídheisiúil nó mar Limistéar Cósta le Mídheisiúlacht Shonrach nó Talamh Íseal Níos Mídheisiúla nó mar Fhéarach Sléibhe**.**

(3) Gealladh leanúint ar aghaidh i mbun feirmeoireachta i limistéar faoi mhíbhuntáiste ar feadh 5 bliana ón gcéad íocaíocht maidir le Limistéir faoi Mhíbhuntáiste.

(4) Traschomhlíonadh a chomhlíonadh faoi mar a leagtar síos ag an Roinn Talmhaíochta, Iascaigh agus Bia ina leabhráin**.**

- Scéim na hAoníocaíochta – Treoir ar Thraschomhlíonadh.
- Treoir ar Riachtanais Traschomhlíonta a chuirfear i ngníomh i 2006 agus 2007.
- Lámhleabhar Mínitheach do Rialacháin Dea-Chleachtais Talmhaíochta.
- Cad a tharlóidh má roghnófar thú le haghaidh cigireachta faoi Scéim na hAoníocaíochta/Scéim Liúntais Chúiteach na Limistéar faoi Mhíbhuntáiste – foilsithe i Lúnasa 2007, tugann an lámhleabhar seo mionchuntas ar na hoibleagáidí atá le comhlíonadh ag feirmeoirí a chuireann iarratas isteach faoi Scéim na hAoníocaíochta.

Féach Mír J thíos chun sonraí iomlána a fháil**.**

(5) Gabháltas a bheith agat le leibhéal stoic de 0.15 aonad beostoic ar a laghad an heicteár foráiste.

(6) Maidir le haon choimíneacht sléibhe a shaothraíonn tú, a bheith páirteach faoi REPS nó aon Scéim Náisiúnta a d'fhéadfadh a bheith ar bun nó Creatphlean na gCoimíneachtaí ábhartha a chomhlíonadh.

(7) Comhoibriú le foireann na Roinne maidir le haon chigireacht nó aon iarratas chun cáipéisí a fháil.

B. Achar incháilithe maidir le DAS

Chun íocaíocht faoi Scéim 2008 na Limistéar faoi Mhíbhuntáiste a áireamh, is é achar foráiste do ghabháltais ná gach heicteár talún nó páirt de atá suite i Limistéar faoi Mhíbhuntáiste a ainmnítear mar Thalamh Íseal Mídheisiúil nó mar Limistéar Cósta le Mídheisiúlacht Shonrach nó Talamh Íseal Níos Mídheisiúla nó mar Fhéarach Sléibhe taobh istigh den Stát. Is féidir áireamh le hachar incháilithe féarach garbh; scaireanna coimíneachta; cearta féaraigh áirithe; barra seachas féar as a mbaintear feidhm mar fhoráiste lena n-áirítear grán buí, biatas farae, biatas siúcra, tornapaí, meaingil, ráib foráiste, cál, agus mar sin de; agus achair as a mbaintear feidhm chun féar tirim nó sadhlas a tháirgeadh.

C. Achair nach bhfuil incháilithe maidir le DAS

Achair faoi bhóithre, cosáin, foirgnimh, clóis fheirme, coillte, scrobarnach, aibhneacha, sruthanna, locháin, locha, gaineamh, carraig lom agus mar sin de; achair as a mbaintear feidhm chun móin a bhaint, achair as a mbaintear feidhm chun cairéal a oibriú, achair le

sconsaí thart timpeall orthu ó fhéarach, achair nach féidir teacht orthu agus achair nach bhfuil le fáil chun ainmhithe a thógáil faoi phlean REPS agus mar sin de; achair as a mbaintear feidhm le haghaidh barra buana nó barra gortóireachta; achair as a mbaintear faidhm le haghaidh na scéime cúnaimh maidir le farae triomaithe (táirgeadh mín féir); achair as a mbaintear feidhme mar pháirceanna spóirt, galfchúrsaí, cúrsaí galf dhá mhaide agus mar sin de.

D. Luachanna Aonaid Bheostoic

Baintear feidhm as na luachanna aonaid bheostoic seo a leanas chun comhlíonadh a áireamh maidir leis an leibhéal stoic is ísle de 0.15 aonad beostoic an heicteár foráiste faoi Scéim na Limistéar faoi Mhíbhuntáiste 2008. Ní mór duit an beostoc is gá a bheith agat, a choinneáil agus a chothú ar feadh trí mí i ndiaidh a chéile ar a laghad chun an leibhéal stoic is ísle a chothú. D'fhéadfá a bheith díolmhaithe ó chomhlíonadh maidir leis an leibhéal stoic is ísle de 0.15 aonad beostoic an heicteár foráiste nuair a iarrtar leibhéal stoic níos ísle faoi phlean REPS, faoi Chreatphlean na gCoimíneachtaí nó faoi aon scéim chomhshaoil eile maidir le do ghabháltas. I gcásanna dá leithéid sin, beidh an riachtanas go gcothaítear ainmhithe ar feadh trí mí i ndiaidh a chéile ar a laghad i gceist maidir leis an líon ainmhithe an heicteár foráiste arb ionann é i luachanna aonaid bheostoic agus an leibhéal stoic níos ísle.

Cineál ainmhí	**Luach Aonaid Bheostoic**	**Cruthúnas a d'fhéadfadh a bheith ag teastáil**
Eallach baineann nó fireann os cionn 2 bhliain d'aois nó níos sine	1.0 aonad beostoic an ceann	Clár Tréada coinnithe suas go dáta. Comhlíonadh CMMS.
Eallach baineann nó fireann os cionn 2 bhliain d'aois nó níos óige	0.6 aonad beostoic an ceann	Clár Tréada coinnithe suas go dáta. Comhlíonadh CMMS.
Caora bhaineann nó fhireann	0.15 aonad beostoic an ceann	Clár Tréada coinnithe suas go dáta. Áireamh Caorach is déanaí curtha i gcrích.
Capaill bhaineann nó fhireann níos sine ná 6 mhí d'aois	1.0 aonad beostoic an ceann	Pas Capaill i d'ainm féin.
Capaill bhaineann nó fhireann de 6 mhí d'aois nó níos óige	0.6 aonad beostoic an ceann	Pas Capaill i d'ainm féin.
Gabhair bhaineann nó fhireann	0.15 aonad beostoic an ceann	Clár Tréada coinnithe suas go dáta. Áireamh Gabhar is déanaí curtha i gcrích.
Fia baineann nó fireann	0.3 aonad beostoic an ceann	Cruthúnas úinéireachta.

E. Leibhéil chúnaimh

Déantar foráil faoi Scéim 2008 na Limistéar faoi Mhíbhuntáiste chun íocaíocht mar seo a leanas, suas go dtí síleáil íocaíochta fhoriomlán de 45 heicteár foráiste**.**

• Talamh Íseal Mídheisiúil agus Limistéir Chósta le Mídheisiúlachtaí Sonracha: €82.27 an heicteár foráiste**.**
• Talamh Íseal Níos Mídheisiúla: €95.99 an heicteár foráiste**.**
• Féarach Sléibhe: €109.71 an chéad 10 heicteár foráiste nó páirt de; €95.99 an heicteár ar na heicteáir fhoráiste eile.

Nuair a shaothraíonn tú teaglaim de na cineálacha talún thuas íocfar suim faoi Scéim na Limistéar faoi Mhíbhuntáiste leat taobh istigh den síleáil íocaíochta fhoriomlán de 45 heicteár foráiste ar Fhéarach Sléibhe sa chéad áit, ar Thalamh Íseal Níos Mídheisiúla sa dara háit agus ar Thalamh Íseal Mhídheisiúil agus Limistéir Chósta le Mídheisiúlacht Shonrach sa tríú háit chun an tsuim is féidir íoc leat a uasmhéadú.
Déanfar íocaíocht freisin i leith talún faoi bharra fuinnimh de réir na coinníollacha seo a leanas

- Beidh uasachar de 10 heicteár ann don talamh incháilithe atá faoi bharra fuinnimh. Déanfar an íocaíocht faoi Scéim na Limistéar faoi Mhíbhuntaiste a athláreamh chun an t-airgead a íoctar le haghaidh barr fuinnimh faoin Scéim um Barra Fuinnimh a chur san áireamh.
- Tá riachtanas ann i gcónaí le haghaidh 3 heicteár foráiste ar a laghad
- Beidh ar an iarrthóir an t-íosdlús stocála de 0.15 aonad beostoic an heicteár foráiste a dearbhaíodh a chomhlíonadh

Déileálfar leis an ngabháltas ina iomláine mar aon ghabháltas amháin chun críocha íocaíochta faoi Scéim na Limistéar faoi Mhíbhuntáiste 2008.
Déanfar Scéim na Limistéar faoi Mhíbhuntáiste 2008 a chomh-mhaoiniú ag an Aontas Eorpach.

F. Pionóis as ró-dhearbhú achair

Má shocraítear go bhfuil difríocht de níos lú ná 3% den achar i gceist, bunófar an íocaíocht ar an achar a fhaightear. Má bhíonn difríocht de níos mó ná 2 heicteár i gceist áfach, beidh na pionóis seo a leanas i gceist.

RÓ-DHEARBHÚ ACHAIR I LIMISTÉIR FAOI MHÍBHUNTÁISTE	**IARMHAIRTÍ A BHAINEANN LE RÓ-DHEARBHÚ**
Nuair a bhíonn difríocht i gceist de níos mó ná 3% nó suas go 20% den achar socraithe (a fhaightear) nó de níos mó ná 2 heicteár	Laghdófar an t-achar a fhaightear chun críocha íocaíochta dhá oiread na difríochta idir an t-achar a fhaightear agus an t-achar atá éilithe
Ró-dhearbhú achair idir 20% agus 30%	Ní dhéanfar aon íocaíocht i mbliain an iarratais i leith Scéim na Limistéar faoi Mhíbhuntáiste
Nuair a bhíonn difríocht i gceist de níos mó ná 30% den achar socraithe (a fhaightear)	Ní dhéanfar aon íocaíocht i mbliain an iarratais faoi Scéim na Limistéar faoi Mhíbhuntáiste nó faoi aon Scéim Forbartha Tuaithe eile de chuid an AE a bhaineann le hachar
Ró-dhearbhú de níos mó ná 50% den achar foráiste incháilithe a fhaightear	Ní dhéanfar aon íocaíocht i mbliain an iarratais i leith Scéim na Limistéar faoi Mhíbhuntáiste agus laghdófar fíneáil riaracháin, arb ionann í agus an

	tsuim de chúnamh atá iníoctha ar an difríocht idir an t-achar atá éilithe agus an t-achar a fhaightear, ó aon íocaíochtaí dlite sa trí bhliain ina dhiaidh sin maidir le Scéim na hAoníocaíochta,REPS, Scéim na Limistéar faoi Mhíbhuntáiste, An Scéim um Barra Fuinnimh de chuid an AE nó an Scéim um Préimheanna Barra Próitéine

Ní bheidh na pionóis thuas i gceist nuair nach mbeadh íocaíocht ar an achar a fuarthas difriúil. Chomh maith leis seo, nuair a dhéanann tú ró-dhearbhú achair d'aonturas, beidh na pionóis seo a leanas i gceist dá ndéanfadh an ró-dhearbhú seo difríocht don íocaíocht.

RÓ-DHEARBHÚ ACHAIR FHORÁISTE I LIMISTÉIR FAOI MHÍBHUNTÁISTE	**IARMHAIRTÍ A BHAINEANN LE RÓ-DHEARBHÚ**
Ró-dhearbhú achair neamhrialta d'aonturas**.**	Ní dhéanfar aon íocaíocht i mbliain an iarratais i leith Scéim na Limistéar faoi Mhíbhuntáiste agus laghdófar fíneáil riaracháin, arb ionann í agus an tsuim de chúnamh atá iníoctha ar an difríocht idir an t-achar atá éilithe agus an t-achar a fhaightear, ó aon íocaíochtaí a bheidh le híoc sa trí bhliain ina dhiaidh sin maidir le Scéim na hAoníocaíochta, Scéim na Limistéar faoi Mhíbhuntáiste, REPS, An Scéim um Barra Fuinnimh de chuid an AE nó an Scéim um Préimheanna Barra Próitéine.

G. Iarratais dhéanacha

Is é iarratas Aoníocaíochta 2008 ná an fhoirm iarratais a bhaineann le Scéim 2008 na Limistéar faoi Mhíbhuntáiste. Má fhaightear seo tar éis an dáta deiridh de 15 Bealtaine 2008, beidh laghdú de 1% ar íocaíocht na Limistéar faoi Mhíbhuntáiste i gceist do gach lá oibre a bhíonn an t-iarratas déanach suas go dtí 9 Meitheamh 2008, an dáta sin san áireamh. Ní féidir aon íocaíocht faoi na Limistéir faoi Mhíbhuntáiste a dhéanamh maidir le haon iarratas a fhaightear tar éis 9 Meitheamh 2008**.**

H. Iarrthóirí nua le haghaidh DAS

Mura gcoinníonn tú ort i mbun feirmeoireachta i limistéar faoi mhíbhuntáiste ar feadh 5 bliana ón gcéad íocaíocht Limistéar faoi Mhíbhuntáiste duit, ní mór duit gach íocaíocht Limistéar faoi Mhíbhuntáiste a fuarthas ón gcéad íocaíocht sin (an ceann sin san áireamh) a athchistiú don Roinn seo. Nuair a aistríodh an gabháltas mar bhronntanas nó mar oidhreacht**,** nó mar léas idir baill de theaghlach, comhlíonfar an gealltanas 5 bliana ar an gcoinníoll go leanann an t-aistrí i mbun feirmeoireachta don chuid eile den tréimhse sin**.**

I. Cigireacht

Beidh ar a laghad 5% d'iarrthóirí faoi réir cigireachta. Aontóidh iarrthóirí ligean d'oifigigh nó do ghníomhairí de chuid na Roinne cigireacht feirme a ghabháil de láimh le fógra roimh ré nó a mhalairt ag am(anna) réasúnta ar bith agus gan dochar do dhliteanas poiblí. Nuair a fhaightear faisnéis faoi cigireacht feirme, ba cheart d'iarrthóir socruithe a dhéanamh chun a bheith i láthair le haghaidh na cigireachta nó ionadaí a ainmniú ina (h)áit chun cabhrú leis an

oifigeach cigireachta. Chun seiceáil agus cigireacht ar an bhfeirm a éascú, comhoibreoidh iarrthóirí le foireann na Roinne, tabharfaidh siad freagra ar gach fiosrúchán agus chuirfidh siad aon fhianaise cháipéiseach ar fáil a d'fhéadfaí iarraidh maidir lena n-iarratas faoi Scéim na Limistéar Faoi Mhíbhuntáiste. Má chliseann ort déanamh amhlaidh, d'fhéadfaí cúnamh a chailliúint. Mura bhfuiltear in ann cigireacht ar an bhfeirm a ghabháil de láimh trí lucht nó ghníomh an iarrthóra, diúltófar don iarratas mura ndéantar cás de force majeure a chinneadh ag an Roinn.

J. Traschomhlíonadh

Ní mór d'iarrthóirí faoi Scéim na Limistéar faoi Mhíbhuntáiste na riachtanais maidir le Traschomhlíonadh a urramú. Faoi riachtanais maidir le Traschomhlíonadh, ní mór d'fheirmeoir a fhaigheann íocaíocht faoi Scéim na Limistéar Faoi Mhíbhuntáiste na riachtanais reachtúla éagsúlachta ó thaobh bainistíochta de a leagtar síos i reachtaíocht an AE (Treoracha agus Rialacháin) maidir leis an gcomhshaol, le sábháilteacht bhia, sláinte agus leas ainmhithe agus sláinte plandaí a urramú agus an fheirm a chothú i ndea-riocht talmhaíochta agus comhshaoil (GAEC). Ní dhéanfar aon íocaíocht i bhfabhar tairbhithe a chruthaigh go saorga na coinníollacha is gá chun a leithéid d'íocaíochtaí a fháil d'fhonn buntáiste a fháil atá in aghaidh na gcuspóirí a bhaineann leis an scéim tacaithe sin. Fuair gach feirmeoir na foilseacháin a leagtar amach thíos. Tugann na foilseacháin seo cur síos mion faoi na riachtanais maidir le traschomhlíonadh a leagtar amach i Rialachán Coimisiúin (CE) Uimh. 796/2004 (arna leasaíodh) a bhaineann le Scéim na Limistéar Faoi Mhíbhuntáiste. Ba cheart d'fheirmeoirí na leabhráin seo a léamh go cúramach in éineacht leis an mBileog Chabhrach seo. Tá sonraí breise lena n-áirítear na liostaí seiceála ar fad le fáil ar shuíomh idirlín na Roinne ag www.agriculture.gov.ie

- Scéim na hAoníocaíochta – Treoir ar Thraschomhlíonadh.
- Treoir ar Riachtanais Traschomhlíonta a chuirfear i ngníomh i 2006 agus 2007.
- Lámhleabhar Mínitheach do Rialacháin Dea-Chleachtais Talmhaíochta.
- Cad a tharlóidh má roghnófar thú le haghaidh cigireachta faoi Scéim na hAoníocaíochta/Scéim Liúntais Chúiteach na Limistéar faoi Mhíbhuntáiste – foilsithe i Lúnasa 2007, tugann an lámhleabhar seo mionchuntas ar na hoibleagáidí atá le comhlíonadh ag feirmeoirí a chuireann iarratas isteach faoi Scéim na hAoníocaíochta

Ba cheart d'fheirmeoirí na leabhráin seo a léamh go cúramach in éineacht leis an mBileog Chabhrach seo. Tá sonraí breise lena n-áirítear na liostaí seiceála ar fad le fáil ar shuíomh idirlín na Roinne. Beidh 1% d'iarrthóirí faoi Scéim na Limistéar faoi Mhíbhuntáiste faoi réir seiceála faoi Thraschomhlíonadh ach amháin beithígh mar a mbeidh ráta cigireachta de 5% i gceist agus caoraigh le ráta cigireachta de 3%.

23
TÉARMAÍ AGUS COINNÍOLLACHA SONRACHA A BHAINEANN LEIS AN SCÉIM UM BARRA FUINNIMH

SAINMHÍNIÚ

Sainmhínítear barra fuinnimh faoi Airteagal 88 de Rialachán Coimisiúin (CE) Uimh. 1782/2003 mar bharra a dhéantar a sholáthar go bunúsach chun na táirgí fuinnimh seo a leanas a tháirgeadh:

- táirgí a mheastar mar bhithbhreosla;
- fuinneamh leictreach agus teirmeach a dhéantar a tháirgeadh ó bhithmhais.

CÚNAMH

Íocfar cúnamh de €45 an heicteár as achair a chuirtear faoi bharra fuinnimh faoi na coinníollacha a leagtar síos i dTEIDEAL IV, Caibidil 5, de Rialachán na Comhairle (CE) Uimh 1782/2003 agus Caibidil 8 de Rialachán Coimisiúin (CE) Uimh 1973/2004. Forálann Airteagal 89.1 de Rialachán Coimisiúin (CE) Uimh 1782/2003 d'uasachar ráthaithe de 2,000,000 heicteár a d'fhéadfadh cúnamh a fháil dó; forálann Airteagal 89.2 den Rialachán seo do laghdú ar an ráta íocaíochta más rud e go sáraítear an t-uasachar seo. Cé gur sáraíodh an t-uasachar seo faoin Scéim 2007 ar leibhéal AE, laghdaíodh an ráta go comhréireach go €31.65 an heicteár**.**

MAOINIÚ NÁISIÚNTA BREISE

Ní mór barrshuim breise de €80 an heicteár a íoc chomh maith, arna maoiniú ag an Státchiste Náisiúnta. Tá an íocaíocht breise seo faoi réir síleála an táirgeoir de 37.5 heicteár le linn haon tréimhse trí bliana as a chéile ina gcuirtear iarratas isteach ar mhaoiniú**.**

AN SCÉIM UM BUNÚ BITHFHUINNIMH

Bunaítear ar feadh tréimhse teoranta Scéim um Bunú Bithfhuinnimh, arna maoiniú ag an Státchiste Naisiúnta, chun maoiniú a sholáthar le haghaidh plandaithe sailí agus miscanthus. Is féidir na sonraí a fháil ón Rannóg um Beartas Barra, An Roinn Talmhaíochta, Iascaigh agus Bia, Lárionad Kea-Lew, Bóthar Mhóin Rátha, Port Laoise, Co. Laoise, guthán**: 057-8692231.**

COINNÍOLLACHA MAIDIR LE hINCHÁILITHEACHT

Ní dhéanfar an cúnamh a bhronnadh ach maidir le hachair ina bhfuil an táirgeadh clúdaithe faoi chonradh idir an feirmeoir agus an tionscal próiseála. Ní mór conarthaí/litreacha gealltanais cuí a chur isteach go dtí an Rannóg um Barra Fuinnimh roimh an dáta deiridh le haghaidh na n-iarratas um Scéim na hAoníocaíochta 2008 a bheith istigh,

- nuair a dhéanann an feirmeoir an phróiseáil ar fad ar a g(h)abháltas féin;
- nuair a ghabhann próiseálaí an phróiseáil de láimh, nó
- nuair a fhaigheann próiseálaí na bunábhair trí bhailitheoir**.**

AG BAINT FEIDHME AS BUNÁBHAR

1. Is féidir aon bhunábhar talmhaíochta a shaothrú ar na hachair atá clúdaithe faoin gcúnamh a chuirtear ar fáil fhad agus atá de rún feidhm a bhaint astu go príomha chun na táirgí fuinnimh thuasluaite a tháirgeadh.
2. Caithfear na bunábhair a ndéantar tagairt dóibh thuas a beith clúdaithe faoi chonradh/litir ghealltanais de réir na gcoinníollacha maidir le hincháilitheacht a mhínítear thuas.
3. Ní mór d'iarrthóirí na bunábhair uile a baineadh a sheachadadh go bailitheoir/céadphróiseálaí a ghlacfaidh leo agus a chinnteoidh go mbaintear feidhm as méid coibhéiseach de na bunábhar seo uile taobh istigh den Chomhphobal Eorpach chun ceann amháin nó níos mó de na táirgí fuinnimh a shainmhínítear thuas a dhéanamh**.**

RIACHTANAIS MAIDIR LE SLÁNDÁIL A BHAINEANN GO SONRACH LEIS AN SCÉIM UM BARRA FUINNIMH

Ní mór do bhailitheoirí nó do chéadphróiseálaithe urrús de €60 an heicteár a chur isteach i leith na Scéime um Barra Fuinnimh. Scaoilfear na hurrúis seo nuair a chuirtear cruthúnas cáipéiseach ar fáil gur próiseáladh na bunábhair atá i gceist mar tháirgí cuí. Ní mór urrúis iomlána a chur isteach ar nó roimh an dáta deiridh chun glacadh le hiarratais SPS 2008**.**

NÍ MÓR D'IARRTHÓIRÍ A THEASTAÍONN UATHU IARRATAS A CHUR ISTEACH AR AN SCÉIM UM BARRA FUINNIMH:

1. Foirm iarratais a chur isteach faoi Scéim na hAoníocaíochta 2008, ina shonraítear a mbarra fuinnimh mar a shainmhínítear sna téarmaí agus coinníollacha a rialaíonn conas a chomhlíontar an t-iarratas thuas;
2. A gconradh/litir ghealltanais a chur isteach ar nó roimh an dáta deiridh do Scéim na hAoníocaíochta 2008;
3. A chinntiú go ndéanann sonraí an chonartha/litreach gealltanais comhfhreagairt dá bhfoirm iarratais Aoníocaíochta. Ní mór leasuithe a dhéanamh i scríbhinn.

24
TÉARMAÍ AGUS COINNÍOLLACHA A BHAINEANN LEIS AN SCÉIM UM FHEIDHM NEAMHBHIA A BHAINT AS TALAMH CURTHA I LEATAOBH

SAINMHÍNIÚ

Sainmhínítear talamh curtha i leataobh le haghaidh feidhme neamhbhia mar thalamh curtha i leataobh chun bunábhair a tháirgeadh a n-úsáidtear iad chun táirgí a dhéanamh taobh istigh den Chomhphobal nach chun caitheamh ag daoine nó ainmhithe go príomha iad mar a leagtar amach in Airteagail 55(b) agus 107(3) de Rialachán na Comhairle (CE) Uimh 1782/2003. Ní mór conarthaí/litreacha gealltanais cuí a chur isteach go dtí An Rannóg um Barra Fuinnimh roimh an dáta deiridh chun glacadh le hiarratais faoi Scéim na hAoníocaíochta 2008,

- nuair a dhéanann an feirmeoir an phróiseáil ar fad ar a g(h)abháltas féin;
- nuair a ghabhann próiseálaí an phróiseáil de láimh, nó
- nuair a fhaigheann próiseálaí na bunábhair trí bhailitheoir.

RIACHTANAIS MAIDIR LE SLÁNDÁIL A BHAINEANN GO SONRACH LEIS AN SCÉIM UM FHEIDHM NEAMHBHIA A BHAINT AS TALAMH CURTHA I LEATAOBH

Ní mór do bhailitheoirí nó do chéadphróiseálaithe urrús de €250 an heicteár a chur isteach i leith na Scéime um Fheidhm Neamhbhia a Bhaint as Talamh Curtha i Leataobh. Scaoilfear na hurrúis seo nuair a chuirtear cruthúnas cáipéiseach ar fáil gur próiseáladh na bunábhair atá i gceist mar tháirgí cuí. Ní mór urrúis iomlána a chur isteach ar nó roimh an dáta deiridh chun glacadh le hiarratais SPS 2008**.**

AG BAINT FEIDHME AS BUNÁBHAR

1. Is féidir aon bhunábhar talmhaíochta a shaothrú nach chun caitheamh le daoine nó ainmhithe iad go príomha mar a leagtar amach in Airteagail 55(b) agus 107(3) de Rialachán na Comhairle (CE) Uimh 1782/2003.
2. Caithfear na bunábhair a ndéantar tagairt dóibh thuas a beith clúdaithe faoi chonradh/litir ghealltanais de réir na gcoinníollacha maidir le hincháilitheacht a mhínítear thuas.
3. Ní mór d'iarrthóirí na bunábhair uile a baineadh a sheachadadh go bailitheoir nó céadphróiseálaí a ghlacfaidh leo agus a chinnteoidh go mbaintear feidhm as méid coibhéiseach de na bunábhar seo uile taobh istigh den Chomhphobal Eorpach chun ceann amháin nó níos mó de na táirgí fuinnimh a shainmhínítear thuas a dhéanamh.

NÍ MÓR D'IARRTHÓIRÍ A THEASTAÍONN UATHU IARRATAS A CHUR ISTEACH AR AN SCÉIM UM FHEIDHM NEAMHBHIA A BHAINT AS TALAMH CURTHA I LEATAOBH:

1. Foirm iarratais a chur isteach faoi Scéim na hAoníocaíochta 2008, ina shonraítear a mbarra neamhbhia mar a shainmhínítear sna téarmaí agus coinníollacha a rialaíonn conas a chomhlíontar an t-iarratas thuas;

2. A gconradh/litir ghealltanais a chur isteach ar nó roimh an dáta deiridh do Scéim na hAoníocaíochta 2008;
3. A chinntiú go ndéanann sonraí an chonartha/litreach gealltanais comhfhreagairt dá bhfoirm iarratais Aoníocaíochta. Ní mór leasuithe a dhéanamh i scríbhinn.

SONRAÍ TEAGMHÁLA

Tabhair faoi deara le do thoil go mba cheart d'aon fheirmeoir a chuireann iarratas isteach ar an Scéim um Barra Fuinnimh agus nó an Scéim um Fheidhm Neamhbhia a Bhaint as Talamh Curtha i Leataobh téarmaí agus coinníollacha iomlána na scéimeanna seo a fháil trí teagmháil a dhéanamh leis an Roinn Talmhaíochta, Iascaigh agus Bia, Seanbhóthar Mhainistir Laoise, Port Laoise, Co. Laoise, uimhir gutháin**: 057 8678701 nó 057 8678709,** nó trí r-phost chuig: energycrops@agriculture.gov.ie

25
PIONÓIS A BHAINEANN GO SONRACH LEIS AN SCÉIM UM BARRA FUINNIMH AGUS AN SCÉIM UM FHEIDHM NEAMHBHIA A BHAINT AS TALAMH CURTHA I LEATAOBH

Nuair a theipeann ar fheirmeoir a dhéanann iarratas chun cúnamh a fháil le Barra Fuinnimh nó a dhearbhaíonn dáileachtaí mar Chur i Leataobh Neamhbhia as an méid is gá d'aon bhunábhar a chur ar fáil, measfar go mbeidh teipthe air/uirthi an oibleagáid a chomhlíonadh maidir le dáileachtaí a bhí ceaptha chun críocha fuinnimh nó mar chur i leataobh neamhbhia. Déantar an pionós a áireamh trí mhéadú achar na talún a shaothraítear agus a úsáidtear ag an iarrthóir chun bunábhair a tháirgeadh leis an ngannchion i seachadadh an bhunábhair sin mar chéatadáin.

26
TÉARMAÍ AGUS COINNÍOLLACHA SONRACHA A BHAINEANN LE TÁIRGEADH CNÁIBE

Ní féidir cnáib a shaothrú ach nuair a bhíonn ceadúnas faoi na hAchtanna um Mí-úsáid Drugaí, 1977 agus 1984 agus na Rialacháin um Mí-úsáid Drugaí, 1988 agus 1993 bronnta ag an Aire Sláinte agus Leanaí.

Chomh maith leis seo, ní mór d'fheirmeoir atá beartaithe aige/aici cnáibh a shaothrú de réir Airteagail 52 de Rialachán na Comhairle (CE) Uimh 1782/2003, nó le haghaidh snáithín mar a dtagraítear in Airteagal 106 den Rialachán sin, cuirfear san áireamh san iarratas faoin SPS de réir Airteagail 13 de Rialachán na Comhairle (CE) Uimh 796/2004:
(a) an fhaisnéis uile atá ag teastáil chun aithne a chur ar na dáileachtaí inar cuireadh cnáib, a thaispeánann na cineálacha síolta a úsáideadh;

(b) sonraí ar na méideanna síolta a úsáideadh (kg an heicteár);

(c) na lipéadaithe oifigiúla a úsáidtear ar phacáistíocht síolta de réir Threoir na Comhairle 2002/57/CE [4], agus Airteagal 12 den Treoir seo ach go háirithe.

De mhaolú ar phointe (c) den chéad fhomhír, nuair a chuirtear síolta i ndiaidh an dáta deiridh chun iarratas a chur isteach ar an aoníocaíocht, cuirfear na lipéadaithe isteach roimh an 30 Meitheamh ar a dhéanaí. Nuair a bhíonn ort na lipéadaithe a chur isteach go dtí údaráis náisiúnta eile, d'fhéadfadh na Ballstáit a fhoráil go ndéanfar na lipéadaithe sin a sheoladh ar

ais go dtí an feirmeoir dá mba rud é gur cuireadh isteach iad de réir an phointe sin. Déanfar na lipéadaithe a sheolfar ar ais a mharcáil mar úsáidte le haghaidh iarratais**.**

Ní mór d'aon iarrthóir atá beartaithe aige/aici cnáib a tháirgeadh faoin Scéim SPS 2008 iarratas a chur isteach ar an bhfoirm shonrach "Iarratas ar chnáib a tháirgeadh faoi Scéim na hAoníocaíochta 2008". Tá an fhoirm seo le fáil ón Rannóg um Barra Fuinnimh, An Roinn Talmhaíochta, Iascaigh & Bia, Seanbhóthar Mhainistir Laoise, Port Laoise, Co. Laoise, uimhir gutháin: **057 8678701 nó 057 8678709,** nó trí r-phost chuig: energycrops@agriculture.gov.ie Ní mór an fhoirm líonta isteach agus cáipéisí tacaithe (mar a leagtar amach in (a), (b) agus (c) thuas) a chur isteach le d'fhoirm iarratais maidir le SPS 2008 roimh an dáta deiridh de 15 Bealtaine 2008, nó, roimh 30 Meitheamh 2008 ar a dhéanaí nuair a dhéantar síolta a chur i ndiaidh an dáta seo.

27
AN SCÉIM UM CHAOMHNÚ AN CHOMHSHAOIL FAOIN TUATH (REPS) AGUS BEARTA FORAOISEACHTA

An Scéim um Chaomhnú an Chomhshaoil faoin Tuath

Má bhíonn tú ag glacadh páirte i REPS, ní mór duit na dáileachtaí talún uile i do ghabháltas a dhearbhú (Leat Féin, Ar Cíos agus Léasaithe) ar d'fhoirm iarratais SPS 2008. Ba cheart go mbeadh a fhios agat nach mbeidh ach na dáileachtaí talún a dhearbhaítear ar fhoirm iarratais SPS 2008 agus a chláraítear le huimhir shainaitheanta shainiúil ar chóras aitheanta dáileachtaí talún na Roinne (LPIS) incháilithe chun íocaíocht a fháil faoi REPS agus nach mbeidh ach an t-achar a chláraítear ináirithe le haghaidh íocaíochta faoi REPS.

Beidh talamh a úsáidtear ar mhaithe le Gnáthóga a cruthaíodh as an nua ar a ndéantar bainistíocht faoi phlean REPS 3 (roghanna 4A, 9B de REPS 3, Gnáthóga GLEOISEACH agus Talamh Bhruachánach Curtha i Leataobh) nó REPS 4: (Gnáthóg nó Coillearnach a bhunaítear faoi Ghealltanas Bithéagsúlachta Éigeantaigh, Rogha 3C, 4A, 4D, 9B, GLEOISEACH, agus Talamh Bhruachánach Curtha i Leataobh) nó faoi scéim agraichomhshaoil arna riaradh ag an Seirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra (NPWS) incháilithe chun teidlíochtaí a úsáid faoi Scéim na hAoníocaíochta. Beidh an talamh seo faoi tharscaoileadh ó ghnáthriachtanais maidir le bainistíocht ar fhéarach agus/nó gearradh faoi Choinníollacha maidir le Dea-Riocht Talmhaíochta agus Comhshaoil i gcásanna nuair a chloíonn na gnáthóga seo le coinníollacha REPS agus le coinníollacha Scéim Agraichomhshaoil na NPWS.

Bearta Forlíontacha REPS

Má bhíonn tú ag glacadh páirte i mBeart Forlíontach REPS 4 (Saincheantair Bhruachánacha) nó Beart Forlíontach REPS 5 (Gnáthóga GLEOISEACHA), ní mór na hachair seo a dhearbhú ar fhoirm iarratais Scéim na hAoníocaíochta agus ní mór na léarscáileanna a shainaithníonn na hachair a chur leis an bhfoirm iarratais. Agus foirm iarratais Scéim na hAoníocaíochta á líonadh isteach ag iarrthóir, ba cheart dó/di:

Saincheantar Bruachánach a dhearbhú sa chatagóir EILE i gcolún 10 agus na focail "Saincheantar Bruachánach" a scríobh i gcolún 11.

Gnáthóga GLEOISEACHA a dhearbhú sa chatagóir CURAÍOCHTA i gcolún 10 agus na focail "Gnáthóg GLEOISEACH" a scríobh i gcolún 11.

Is úsáidí talún incháilithe iad chun íocaíocht a tharraingt anuas faoi Scéim na hAoníocaíochta.

REPS 3 agus REPS 4

Gnáthóga Nua faoi Rogha Bithéagsúlachta 3C: Úsáid Saincheantar Eadarghabhálaithe Plandáilte, 4A: Cruthú Gnáthóige Nua, 4D: Bunú Coillearnaí Feirme

Má bhíonn tú ag glacadh páirte i Rogha Bithéagsúlachta 4A REPS 3 nó Roghanna Bithéagsúlachta 3C, 4A, 4D REPS 4, ní mór na hachair seo a dhearbhú ar leith mar fhoroinnt de dháileacht talún ar Fhoirm Iarratais Scéim na hAoníocaíochta. Dearbhaigh an fhoroinnt do Ghnáthóg REPS 3 nó 4 sa chatagóir EILE i gcolún 10 agus scríobh na focail "Gnáthóg REPS 3" nó "Gnáthóg REPS 4" i gcolún 11. Is úsáidí incháilithe iad gnáthóga REPS chun íocaíocht a tharraingt anuas faoi Scéim na hAoníocaíochta.

Foroinnt Shealadach

Nuair a úsáideann tú páirt de dháileacht talún mar ghnáthóg nua faoi REPS 3 nó 4 agus, cé nach gá na hachair seo a shainmhíniú ar léarscáil, ba cheart duit an fhoroinnt dáileachta seo a thaispeáint ar an bhfoirm iarratais mar seo a leanas:
Scrios amach na sonraí réamhphriontáilte faoin dáileacht sin.
Cuir isteach na sonraí faoi gach foroinnt den dáileacht sin ar líne nua ag baint feidhme as an uimhir dáileachta LPIS 9 ndigit a bhí ann ar dtús chomh maith le haitheantóir sonrach "A" nó "B" tar éis Uimh. LPIS gach foroinnte.

Sampla d'Fhoroinnt Shealadach

Uimh LPIS	Achar Comhlán	Glanachar
~~L123456778~~	~~5.2~~	~~4.5~~
L123456778a	5.2	4.0
L123456778b	5.2	0.5

FORAOISEACHT

Má fhaigheann tú cúnamh faoi Scéimeanna na bPréimheanna agus na nDeontas Foraoiseachta, ní mór duit na dáileachtaí talún uile i do ghabháltas a dhearbhú ar d'fhoirm iarratais SPS 2008. Ní mór gach dáileacht talún a fhaigheann íocaíocht faoi Scéim na bPréimheanna agus na nDeontas Foraoiseachta a chlárú freisin ar chóras aitheanta dáileachtaí talún (LPIS) na Roinne le huimhir shainaitheanta shainiúil. Mura ndéantar dáileachtaí aforaoiseachta a dhearbhú faoi na scéimeanna seo ar LPIS d'fhéadfadh sé seo cur isteach ar íocaíochtaí préimheanna/deontas foraoiseachta sa todhchaí**.**

28
MAOLÚ NÍOTRÁITÍ

Baineann na Rialacháin Níotráití (IR uimh. 378 de 2006 arna leasaíodh) leis na dáileachtaí talún uile agus i measc na n-oibleagáidí eile, cuireann siad teorainn de 170 kg in aghaidh na bliana leis an méid Nítrigine ó aoileach beostoic gur féidir a chur ar an talamh (lena n-áirítear an t-aoileach a thagann ó na hainmhithe féin) – *féach an Lámhleabhar Mínitheach do Rialacháin Dea-Chleachtais Talmhaíochta*.

Tugann **maolú** an deis d'fheirmeoirí incháilithe feidhmiú os cionn na teorann ghinearálta de 170 kg nó níos lú ná 250 kg ar a mhéad, faoi réir coinníollacha áirithe. Ba cheart duit na critéir agus na coinníollacha incháilitheachta a léamh go cúramach roimh iarratas a dhéanamh chun a chinntiú go bhfuil tú i dteideal maolú a fháil agus gur féidir leat na coinníollacha uile a chomhlíonadh go hiomlán le linn na bliana reatha.

Chun iarratas a chur isteach ar mhaolú i 2008, ní mór duit:

- a bheith ag feirmeoireacht gabháltais de 80% féar ar a laghad.
- beostoc féaraigh a bheith agat – ní féidir maolú a fháil ach i leith beostoic fhéaraigh.
- plean toirchithe a bheith agat a chomhlíonann riachtanais na Roinne a ullmhaíodh agus a cuireadh ar fáil maidir le do ghabháltas faoin 1 Márta 2008

- iarratas a mhaolú a chur isteach go dtí an Roinn don bhliain atá i gceist**.**

Ní ghlacfar le haon iarratais ar mhaoluithe tar éis an dáta deiridh.

Trí iarratas ar mhaolú a chur isteach, tá á dhearbhú agat:

(a) go bhfuil na téarmaí agus coinníollacha léite agat agus gur féidir leat iad a thuiscint,
(b) go gcomhlíonann tú na coinníollacha incháilitheachta le haghaidh maolaithe agus
(c) go rachaidh tú i mbun feirmeoireachta de réir mionchoinníollacha na bliana reatha**.**

Tá téarmaí agus coinníollacha maolaithe agus teimpléid do phleananna toirchithe agus do chuntais leasacháin le fáil ar shuíomh idirlín na Roinne ag www.agriculture.gov.ie, tríd an nasc *Faisnéis ar Níotráití*. Is féidir iad a fháil freisin ón Roinn Talmhaíochta, Iascaigh agus Bia, An Rannóg Níotráití, Eastát Chaisleán Bhaile Sheáin, Co. Loch Garman **(guthán 053–9163400).**

29
RIALACHÁIN UM SHLÁINTEACHAS BIA AINMHITHE

Faoin Rialachán de chuid an AE maidir le hOibreoirí Gnó Beatha (Rialachán 183/2005) ní mór do na feirmeoirí uile a thugann bia d'ainmhithe feirme nó a dhéanann barra a shaothrú le haghaidh bia ainmhithe a dhearbhú go bhfuil forálacha na Rialachán um Shláinteachas Bia Ainmhithe á chomhlíonadh acu. Ní mór don Roinn aithne a chur ar fheirmeoirí chomh maith atá ag glacadh páirte i mbianna ainmhithe a mheascadh sa bhaile.

Tá ceist ar leathanach tosaigh d'fhoirm iarratais Scéim na hAoníocaíochta a iarrann ort an bhfuil na riachtanais um shláinteachas bia ainmhithe a leagtar amach thíos á chomhlíonadh agat. Má bhíonn tú sásta go bhfuil na riachtanais seo á chomhlíonadh agat, ba cheart duit an ciorcal cuí a scáthlíniú.

Chomh maith leis seo, tá ceist eile ar an bhfoirm do na feirmeoirí atá ag glacadh páirte i mbianna ainmhithe a mheascadh sa bhaile. Áirítear le meascadh sa bhaile úsáid a bhaint as beathaitheoir cothaithe; vaigín meascthóra; nó comhábhair bia ainmhithe a dhéantar a mheascadh chun do bhia ainmhithe féin a dhéanamh agus mar sin de. Iarrtar ort an cineál córais atá á úsáid agat a léiriú.

Treoirnóta ina leagtar amach forálacha na Rialachán um Shláinteachas Bia Ainmhithe a eisíodh d'fheirmeoirí ábhartha go luath i 2008. Tá cóip den Treoirnóta le fáil anseo más mian leat úsáid a bhaint aisti.

RIALACHÁIN UM SHLÁINTEACHAS BIA AINMHITHE – TREOIRNÓTA AR RIACHTANAIS DEA-CHLEACHTAIS LE hAGHAIDH TÁIRGEOIRÍ BIA AINMHITHE TOSAIGH

Mar an duine atá freagrach as táirgeadh tosaigh, ní mór duit a chinntiú:

- Go ndéantar oibríochtaí uile a bhainistiú agus a dhéanamh i slí a chuireann cosc ar ghuaiseanna, nó a dhéanann iad a dhíchur nó a íoslaghdú, a d'fhéadfadh sábháilteacht bhia a chomhghéilleadh toisc, mar shampla, ceimiceáin, leasacháin, uisce neamhghlan, táirgí cógais tréidliachta agus diúscairt dramhaíola feirme;
- Go ndéantar táirgí tosaigh ag gach leibhéal táirgeachta, ullmhúcháin, glantacháin, pacáistithe, stórála agus iompair a láimhsiú i slí a dhéanann éilliú agus milleadh a íoslaghdú, mar shampla tríd a bheith i dtadhall le dramhaíl feirme nó de dheasca múscán;

- Cuirfear bearta i gcrích chun cosc a chur ar éillithe táirgí bia ainmhithe toisc mhiolrá agus lotnaidí;
- Cuirtear san áireamh na torthaí a bhaineann le haon anailísí ábhartha a rinneadh ar shamplaí a tógadh ó tháirgí tosaigh (nó aon samplaí ábhartha eile a bhaineann le sábháilteacht bhia ainmhithe);
- Coimeádtar taifid ar aon chásanna lotnaidí nó galar a d'fhéadfadh cur isteach ar shábháilteacht táirgí tosaigh agus ar úsáid táirgí cosanta plandaí, bithicídí agus síolta géinathraithe (más cuí).

Mar tháirgeoir tosaigh comhlíonfaidh tú na hoibleagáidí leagtha amach thuas tríd an reachtaíocht AE agus náisiúnta cuí a bhaineann le rialú guaiseanna a chomhlíonadh.

- Ní mór taifid a choimeád de cheannphointe agus den mhéid ábhair bhia ainmhithe a dhíoltar ar an bhfeirm.

DEA-CHLEACHTAS MAIDIR LE BEATHÚ AINMHITHE

Féarach

- Ní mór féaraigh (agus barrthailte) a úsáidtear le haghaidh féaraigh a n-éilliú i slí a chuireann isteach ar shábháilteacht bhia de bhunús ainmhíoch a dhéantar a tháirgeadh ó na féaraigh seo;
- Más cuí, ba cheart sos oiriúnach a ligint idir uainíochtaí féaraigh chun tras-éilliú aoiligh iomarcaigh a íoslaghdú;
- Tar éis ceimiceán talmhaíochta a chur ar thalamh, ní mór na tréimhsí iarchoimeádta a leagtar síos a chomhlíonadh.

Foirgnimh agus trealamh

- Ní mór foirgnimh a úsáidtear chun bia nó trealamh beathaithe a stóráil a choimeád glan agus tirim. Ni mór córais a chur i bhfeidhm chun síolta, aoileach, ábhar dramhaíola agus táirgí eile a thoirmisctear i mbia ainmhithe a bhaint amach go rialta;
- Ní mór ceimiceáin a úsáidtear le haghaidh glantacháin agus sláintithe a úsáid de réir a dtreorach agus a stóráil in áit eile seachas i limistéir bia agus beathaithe.
- Ba cheart córas rialaithe lotnaidí a bheith i bhfeidhm chun rochtain lotnaidí a rialú chun an seans atá ann go ndéanfar ábhair bhia agus leapachais a éilliú a íoslaghdú.
- Ni mór ábhair bia agus leapachais a athrú go rialta chun cosc a chur ar fhorbairt múscáin;
- Ní mór bia íocleasaithe a stóráil in áit eile agus ní in aice le bia neamh-íocleasaithe.

Beathú

- Ní mór an córas dáilte bia ceart a bheith ar an bhfeirm chun go ndéanfar an bia ceart a sheoladh go dtí an ceannscríbe ceart;
- Nuair a dhéantar bia a dháileadh amach agus a thabhairt do na hainmhithe ní mór é a láimhseáil i slí a chuireann cosc ar éilliú ó limistéir agus trealamh stórála éillithe;
- Ní mór bianna neamh-íocleasaithe a láimhseáil ar leithligh ó bhianna íocleasaithe chun cosc a chur ar éilliú.
- Ní mór uisce ólacháin (nó uisceshaothrú) de chaighdeán cuí a sholáthar do na hainmhithe a úsáideann an t-uisce sin.

Dea-chleachtais eile

- Ní mór go bhfuil teacht ag an duine/na daoine atá freagrach as ainmhithe a bheathú agus a láimhseáil ar an gcumas, faisnéis agus inniúlacht atá uathu chun aire a thabhairt do na hainmhithe;
- Ní mór taifid a choimeád den bhia ainmhithe uile a cheannaítear;
- Ba cheart bia cumaisc a fháil ó oibreoirí gnó bia atá ceadaithe ag DAFF bia a tháirgeadh chun é a dhíol;
- Déantar scrúdú ar tháirgeadh bia agus beathú ainmhithe mar chuid de na cigireachtaí traschomhlíonta.

30
REACHTAÍOCHT DE CHUID an AE A BHAINEANN LE D'IARRATAS FAOIN SPS

Cuireann TÉARMAÍ & COINNÍOLLACHA na Scéimeanna a leagtar amach sa Bhileog Chabhrach seo na Rialacháin Comhairle agus Coimisiúin seo a leanas i bhfeidhm, agus aon leasuithe a bhaineann leis na Rialacháin seo a chuirfear chun feidhme maidir leis an bliain de chuid na Scéime 2008. Déanfar aon leasuithe breise de chuid Chomhairle nó Choimisiún an AE a dhéantar le linn 2008 a chur in iúl d'fheirmeoirí, agus bainfidh siad seo le hiarratais 2008 chomh maith, más cuí sin. Tá an reachtaíocht AE ar fad le fáil ag http://www.europa.eu

- Uimh. 1782/2003 de 29/9/2003, arna leasaíodh, a bhunaíonn rialacha coitinne faoi scéimeanna tacaíochta díreacha - OJ L270 de 21/10/2003.
- Uimh. 21/2004 de 17 Nollaig 2003 a bhunaíonn córas chun ainmhithe caoracha agus gabhracha a shainaithint agus a chlárú agus a leasaíonn Rialachán (CE) Uimh 1782/2003 agus Treoracha 92/102/CEE agus 64/432/CEE – OJ L 5 de 9/1/2004.
- Uimh. 795/2004 de 21 Aibreán 2004 a leagan síos na rialacha miona chun 1782/2003 – OJ L141 de 30/4/2004 a chur i ngníomh.
- Uimh. 796/2004 de 21 Aibreán 2004 a leagann síos na rialacha miona chun traschomhlíonadh, modhnú agus an córas riaracháin agus rialaithe comhtháite a ndearnadh foráil lena aghaidh in 1782/2003 – OJ L141 de 30/4/2004 a chur i ngníomh.
- Uimh. 1257/1999 de 17/5/1999 faoi thacaíocht as forbairt tuaithe ó Chiste Treoraithe agus Ráthaithe Talmhaíochta na hEorpa (EAGGF) - OJ L160 de 26/6/1999.
- Uimh. 817/2004 de 29 Aibreán 2004 a leagan síos na rialacha miona chun 1257/1999 – OJ.L 153 de 30/4/2004 a chur i ngníomh.
- Uimh. 1255/1999 de 17 Bealtaine 1999 ar chomheagrú an mhargaidh i mbainne agus i dtáirgí bainne - OJ. L 160 de 26/6/1999.
- Uimh. 1673/2000 de 27/7/2000 ar chomheagrú na margaí i líon agus cnáib a shaothraítear le haghaidh snáithín - OJ L193 de 29/7/2000.
- Uimh. 1973/2004 de 29 Deireadh Fómhair 2004 a leagann síos rialacha miona chun Rialachán na Comhairle (CE) Uimh 1782/2003 a chur i ngníomh maidir le scéimeanna tacaíochta a ndéantar foráil lena n-aghaidh i dTeidil IV agus IVa den Rialachán sin agus úsáid talún a chuirtear i leataobh chun bunábhair a tháirgeadh - OJ L 345 de 20/11/2004.
- Uimh. 178/2002 de 28 Eanáir 2002 a leagann síos na prionsabail agus na riachtanais ghinearálta a bhaineann le dlí bia, a bhunaigh Údarás Sábháilteachta Bia na hEorpa agus a Leagann síos nósanna imeachta maidir le sábháilteacht bhia – OJ L 031 de 10/02/2002.

- Uimh. 999/2001 de 22 Bealtaine 2001 a leagann síos rialacha chun einceifileapaití inaistrithe áirithe a chosc, a rialú agus a dhíothú - OJ L 147 de 31/05/2001.
- Uimh. 183/2005 de 12 Eanáir 2005 a leagann síos riachtanais maidir le sláinteachas bia - OJ L035 de 08/02/2005.
- Uimh. 852/2004 de 29 Aibreán 2004 ar Shláinteachas bia-ábhair - OJ L226 de 25/6/2004.
- Uimh. 853/2004 de 29 Aibreán 2004 a leagann síos rialacha sláinteachais sonracha maidir le sláinteachas bia-ábhair - OJ L226 de 25/6/2004.
- Uimh. 1698/2005 de 20 Meán Fómhair 2005 faoi thacaíocht d'fhorbairt tuaithe á sholáthar ag Ciste Talmhaíochta na hEorpa um Fhorbairt Tuaithe – OJ L277 de 21/10/2005.
- Uimh. 1974/2006 de 15 Nollaig 2006 a leagann síos na rialacha miona chun Uimh. 1698/2005 – OJ L368 de 23/12/2006 a chur i ngníomh.
- Uimh. 1975/2006 de 7 Nollaig 2006 a leagann síos na rialacha miona chun Uimh. 1698/2005 – OJ L368 de 23/12/2006 maidir le nósanna imeachta rialaithe agus traschomhlíonadh a chur i ngníomh.
- Uimh. 1290/2005 de 21 Meitheamh 2005 maidir le maoiniú a sholáthar don chomhbheartas talmhaíochta – OJ L209 de 11/8/2005.
- Uimh. 885/2006 de 21 Meitheamh 2006 a leagann síos na rialacha miona chun Uimh. 1290/2005 – OJ L171 de 23/6/2006 a chur i ngníomh.

31

SAINMHÍNITHE ÁBHARTHA

Cuirfear na sainmhínithe seo a leanas chun feidhme maidir leis na Scéimeanna uile a thagann faoi iarratais Scéim na hAoníocaíochta 2008. Foilseofar aon athruithe riachtanacha a dhéanfar do na Téarmaí agus Coinníollacha mar thoradh ar chinneadh AE nó Aire.

(1) is éard a bheidh mar bhrí le "AE" ná an tAontas Eorpach.

(2) is éard a bheidh mar bhrí le "An tAire" ná an tAire Talmhaíochta, Iascaigh agus Bia.

(3) is éard a bheidh mar bhrí le "An Roinn" ná an tAire Talmhaíochta, Iascaigh agus Bia.

(4) is éard a bheidh mar bhrí le "Íocaíocht dhíreach" ná aon íocaíocht a bhronntar go díreach ar fheirmeoirí faoi Scéim na hAoníocaíochta, an Scéim um Préimheanna Próitéine, an Scéim um Barra Fuinnimh agus an Scéim um Fharae Triomaithe.

(5) is éard a bheidh mar bhrí le "Feirmeoir" ná duine nádúrtha nó dlíthiúil, nó grúpa daoine nádúrtha nó dlíthiúla, cibé an stádas dlíthiúil a thugtar don ghrúpa agus dá bhaill faoin dlí náisiúnta, a bhfuil a gabháltas suite i gcríoch an Chomhphobail, dá dtagraítear in Airteagal 299 den Chonradh, agus a fheidhmíonn gníomhaíocht talmhaíochta.

(6) is éard a bheidh mar bhrí le "Bailitheoir" ná aon duine a shíníonn conradh, mar a sainmhíníodh, a cheannaíonn thar a ceann féin aon bhunábhair, a bhfuil i gceist úsáid deiridh a bheith aige chun críocha fuinnimh agus neamhbhia.

(7) is éard a bheidh mar bhrí le "Céadphróiseálaí" ná aon úsáideoir de bhunábhair thalmhaíochta a ghabhann an chéad phróiseáil de láimh, a bhfuil i gceist úsáid deiridh a bheith aige chun críocha fuinnimh agus neamhbhia.

(8) is éard a bheidh mar bhrí le "Gabháltas" ná na haonaid tháirgthe uile taobh istigh de theorainneacha an Bhallstáit céanna a ndéanann feirmeoir bainistíocht orthu.

(9) is éard a bheidh mar bhrí le "Gníomhaíocht talmhaíochta" ná táirge, oiliúint nó saothrú táirgí talmhaíochta lena n-áirítear baint fómhair, bleán, tógáil ainmhithe agus coinneáil ainmhithe chun críocha talmhaíochta, nó ag cothú na talún i ndea-riocht talmhaíochta agus comhshaoil mar atá bunaithe faoi Airteagal 5 de Rialachán (CE) Uimh 1782/2003.

(10) is éard a bheidh mar bhrí le "Achar talmhaíochta" ná an t-achar iomlán ina bhfuil talamh curaíochta, féarach buan agus barra buana.

(11) is éard a bheidh mar bhrí le “Talamh curaíochta” ná talamh a shaothraítear chun barra a tháirgeadh agus talamh faoi chur i leataobh nó a chothaítear i ndea-riocht talmhaíochta agus comhshaoil de réir Airteagail 5 de Rialachán (CE) Uimh 1782/2003 nó talamh faoi thithe gloine nó faoi chlúdach socraithe nó soghluaiste.
(12) is éard a bheidh mar bhrí le “Féarach buan” ná talamh as a mbaintear feidhm chun féar nó foráiste luibheach eile a shaothrú go nádúrtha (féinshíolta) nó trí shaothrú (curtha) agus nach raibh ina chuid den rothlú barra ar an ngabháltas le cúig bhliain nó níos faide anuas.
(13) is éard a bheidh mar bhrí le “Féar nó aon fhoráiste luibheach eile” na plandaí luibheacha eile a fhaightear go traidisiúnta i gcluainte nádúrtha nó a bhíonn mar pháirt de mheascáin shíl ar mhaithe le cluainte nó móinéir (a mbaintear feidhm astu le haghaidh ainmhithe féaraigh nó a mhalairt).
(14) is éard a bheidh mar bhrí le “Barra buana” ná barra neamhrothlaithe seachas cluain bhuan a bhíonn ar an talamh ar feadh cúig bliana nó níos faide agus a thugann mar thoradh fómhar arís is arís eile, lena n-áirítear plandlanna agus roschoill le beatha ghearr ach amháin barra ilbhliantúla agus plandlanna barra ilbhliantúla.
(a) as a mbaintear feidhm chun bunábhair a chur ar fáil chun táirgí a dhéanamh taobh istigh den AE nach chun caitheamh le daoine nó ainmhithe iad go príomha (Neamhbhia) agus
(b) talamh a chuirtear faoi bharra buana agus atá faoi réir iarratais freisin chun cúnamh a fháil le haghaidh barra fuinnimh, mar heicteáir incháilithe ar mhaithe le teidlíochtaí curtha i leataobh agus teidlíochtaí íocaíochtaí.
(15) is éard a bheidh mar bhrí le “Barra ilbhliantúla” ná barra Bliosán, Lus súcha, Biabhóga, Sú chraobh, Sméara dubha, Maoildearg, Lóganchaor, Cuiríní Dubha, Bána nó Dearga, Spíonán, Mónóga, Fraochóga agus torthaí eile den aicme Vaccinium.
(16) is éard a bheidh mar bhrí le “Úsáid” ná an úsáid a bhaintear as achar maidir leis an gcineál bairr nó clúdach talún nó easpa bairr.
(17) is éard a bheidh mar bhrí le “Barr” ná aon chineál bairr nó clúdach talún lena n-áirítear féar.
(18) is éard a bheidh mar bhrí le “Dáileacht talún” ná achar talún sainiúil taobh istigh de bhaile fearainn ag a bhfuil uimhir aitheantóra sainiúil ar Chóras Aitheanta Dáileachtaí Talún (LPIS) na Roinne agus a shainmhínítear go ginearálta le teorainn bhuan ach amháin i gcás talún coimíneachta. Ní mór do theorainneacha foráiste seachtracha a bheith stocdhíonach agus a bheith iomchuí don fhiontar feirmeoireachta.
(19) is éard a bheidh mar bhrí le "Dáileacht talmhaíochta” ná achar talún leanúnach ar a dhéanann feirmeoir amháin grúpa bairr áirithe a shaothrú; nuair is gá le dearbhú eile áfach maidir le húsáid achair mar chuid de ghrúpa achair áirithe i gcomhthéacs na Rialachán Aoníocaíochta, cuirfidh an úsáid sainiúil sin teorainn breise leis an dáileacht talmhaíochta.
(20) is éard a bheidh mar bhrí le “Dáileacht tagartha” ná achar teormharcáilte le huimhir aitheanta shainiúil faoi mar a cláraíodh ar chóras aitheanta GIS an Bhallstáit é, dá dtagraítear in Airteagal 18 de Rialachán (CE) Uimh 1782/2003**.**
(21) is éard a bheidh mar bhrí le “Achar a socraíodh” (achar a fhaightear) ná an t-achar ar comhlíonadh lena aghaidh na coinníollacha uile a bhaineann le híocaíocht mar chúnamh; i gcás Scéim na hAoníocaíochta, d’fhéadfaí an t-achar a dearbhaíodh a mheas mar achar a socraíodh nuair a bhíonn an méid chéanna teidlíochtaí íocaíochta ag gabháil leis.
(22) is éard a bheidh mar bhrí le “Traschomhlíonadh**”** ná urraim do riachtanais reachtúla ó thaobh bainistíochta de agus dea-riocht talmhaíochta agus comhshaoil de réir Airteagal 4 agus 5 de Rialachán (CE) Uimh 1782/2003 agus faoi mar a leagtar síos i bhfoilseacháin 2005, 2006 agus 2007 na Roinne ar a dtugtar
“Scéim na hAoníocaíochta – Treoir ar Thraschomhlíonadh”,
“Treoir ar Riachtanais Traschomhlíonta a chuirfear i ngníomh i 2006 agus 2007” agus
“Lámhleabhar Mínitheach do Rialacháin Dea-Chleachtais Talmhaíochta” agus

"Cad a tharlóidh má roghnófar thú le haghaidh cigireachta faoi Scéim na hAoníocaíochta/Scéim Liúntais Chúiteach na Limistéar faoi Mhíbhuntáiste".
(23) is éard a bheidh mar bhrí le "Réimsí traschomhlíonta" ná réimsí éagsúla de riachtanais reachtúla ó thaobh bainistíochta de faoi bhrí Airteagail 4(1) de Rialachán (CE) Uimh 1782/2003 a bhaineann le sláinte phoiblí, ainmhithe agus plandaí, an comhshaol agus leas ainmhithe agus an dea-riocht talmhaíochta agus comhshaoil atá mar choinníoll in Iarscríbhinn IV den Rialachán a bhaineann le creimeadh ithreach, ábhar orgánach ithreach, struchtúr ithreach agus an t-íosmhéid de chothú atá ag teastáil.
(24) is éard a bheidh mar bhrí le "Neamhthraschomhlíonadh" ná aon neamhchomhlíonadh leis na riachtanais agus na caighdeáin; is éard a bheidh mar bhrí le neamhchomhlíonadh na n-oibleagáidí a leagtar amach in Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh 1782/2003 ná neamhchomhlíonadh leis na riachtanais agus na caighdeáin reachtúla ó thaobh bainistíochta de agus dea-riocht talmhaíochta agus comhshaoil faoi mar a leagtar síos i bhfoilseacháin 2005, 2006 agus 2007 na Roinne ar a dtugtar

- Scéim na hAoníocaíochta – Treoir ar Thraschomhlíonadh**.**
- Treoir ar Riachtanais Traschomhlíonta a chuirfear i ngníomh i 2006 agus 2007.
- Lámhleabhar Mínitheach do Rialacháin Dea-Chleachtais Talmhaíochta.
- Cad a tharlóidh má roghnófar thú le haghaidh cigireachta faoi Scéim na hAoníocaíochta/Scéim Liúntais Chúiteach na Limistéar faoi Mhíbhuntáiste.

(25) Leagfar amach i gcásanna mar seo a leanas go bhfuil "force majeure" nó cúinsí ar leith i gceist:

(a) nuair a fhaigheann feirmeoir bás;
(b) nuair nach mbíonn an feirmeoir in ann obair go fadtéarmach;
(c) anachain nádúrtha a chuireann isteach go mór ar an talamh thalmhaíochta sa ghabháltas;
(d) foirgnimh beostoic a dhíthíodh de thimpiste ar an ngabháltas;
(e) eipeasótach a chuireann isteach ar bheostoc an fheirmeora go hiomlán nó i bpáirt.

32
ÍOCAÍOCHTAÍ

RIACHTANAS NUA AMHAIL Ó 16 DEIREADH FÓMHAIR 2008

De réir Rialachán AE, ní mór d'fheirmeoirí glacadh le híocaíochtaí scéime uile an AE ina gcuntas bainc amhail ón 16 Deireadh Fómhair 2008. Ní féidir seic a eisiúint le haghaidh íocaíochtaí tar éis an dáta sin. D'fhonn aon íocaíochtaí díreacha atá dlite duit a fháil i ndiaidh an dáta sin, ní mór d'iarrthóirí sonraí a gcuntas bainc a chur isteach go dtí an Roinn mura bhfuil sé seo déanta acu cheana. Tá litreacha maidir le seo, chomh maith le foirm údaraithe, faighte ag feirmeoirí a fhaigheann seiceanna fós dá gcuid íocaíochtaí.
Tá cóip den fhoirm ábhartha le fáil ón:
Rannóg um Shochar Díreach, An Roinn Talmhaíochta, Iascaigh agus Bia, Sráid Farnham, Cabhán, Guth 049 4368283 nó ar shuíomh idirlín na Roinne.

SCÉIM NA hAONÍOCAÍOCHTA

Faoi rialacháin de chuid an AE, tá sé beartaithe go ndéanfar an chéad íocaíocht faoi Scéim na hAoníocaíochta ar 1 Nollaig 2008 agus is gá a bheith críochnaithe leis na híocaíochtaí ar fad roimh 30 Meitheamh 2009.

PRÉIMHEANNA BARRA PRÓITÉINE

Déanfar an íocaíocht préimheanna fhorlíontacha ag ráta de € 55.57 an heicteár. D'fhéadfadh an ráta a thugtar le fios faoi réir athraithe más rud é go sáraítear uasmhéid achair ráthaithe an AE le haghaidh barra fuinnimh. Cuirfear tús le híocaíochtaí amhail ó 1 Nollag 2008.

AN SCÉIM UM BARRA FUINNIMH

Socraíodh an ráta cúnaimh le haghaidh barra Fuinnimh a éilítear faoin Scéim um Barra Fuinnimh ag €45 an heicteár. D'fhéadfadh an ráta a thugtar le fios faoi réir athraithe más rud é go sáraítear uasmhéid achair ráthaithe an AE le haghaidh barra fuinnimh. Íocfar barrshuim breise de €80 an heicteár freisin, arna maoiniú ag an Státchiste Náisiúnta. Cuirfear tús le híocaíochtaí amhail ó 1 Nollag 2008.